

**Buntáistí agus dúshláin teanga atá ag  
iar-scoláirí na n-iar-bhunscoileanna  
Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar aistriú  
go hinstitiúid 3ú leibhéal  
a fheidhmíonn trí Bhéarla**



**An Dochtúir Laoise Ní Thuairisg  
agus  
An tOllamh Pádraig Ó Duibhir**



# Clár

• <b>Achoimre Fheidhmeach</b>	<b>5</b>
Modheolaíocht an Taighde	5
Tátal agus Moltaí	5
Buntáistí an oideachais lán-Ghaeilge dar le hiar-scoláirí	5
Dúshlán bainteach leis an oideachas lán-Ghaeilge dar le hiar-scoláirí	6
Úsáid an Bhéarla mar theanga teagaisc agus foghlama san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge	6
Cumas Béarla an iar-scoláire iar-bhunscoile lán-Ghaeilge	7
Pobal iar-scoláirí na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge	8
Scrúduithe Stáit i dTuaisceart Éireann agus Ceist an Aistriúcháin	9
• <b>Buntáistí agus dúshlán teanga atá ag iar-scoláirí na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar aistriú go hinstiúid 3ú leibhéal a fheidhmíonn trí Bhéarla</b>	<b>10</b>
Réamhrá	10
Léirbhreithniú Litríochta	10
An Dátheangachas agus an Tumoideachas	10
Iar-bhunscolaíocht trí Mheán na Gaeilge	11
Cumas, Dearcadh agus Úsáid na Gaeilge	12
An tAistriú ón Oideachas lán-Ghaeilge go dtí Oideachas lán-Bhéarla	14
• <b>Modheolaíocht</b>	<b>16</b>
Rannpháirtithe an Taighde	16
Scoláirí Reatha san Iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge agus Gaeltachta	16
Iar-scoláirí Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta	16
• <b>Torthaí an Taighde</b>	<b>19</b>
Taithí Daltaí Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta	19
Cúrsaí ag an Tríú Leibhéal á Roghnú	19
Seirbhísí Tacaíochta do Dhaltaí Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge	20

Buntáistí Bainteach leis an Oideachas lán-Ghaeilge ag an Iar-bhunleibhéal	21
Dúshláin Bainteach leis an Oideachas lán-Ghaeilge ag an Iar-bhunleibhéal	22
Rogha maidir le cúrsaí léinn	24
Buntáistí agus dúshláin teanga atá ag iar-scoláirí na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar aistriú go hinstitiúid 3ú leibhéal a fheidhmíonn trí Bhéarla.	26
Cúrsaí Léinn	26
Dúshláin ag Eascairt ón Oideachas lán-Ghaeilge	27
Seirbhísí Tacaíochta	29
Úsáid na Gaeilge	30
An tOideachas lán-Ghaeilge: Buntáiste nó mí-bhuntaiste	36
• <b>Tátal agus Moltaí</b>	<b>37</b>
Buntáistí an oideachais lán-Ghaeilge dar le hiar-scoláirí	37
Dúshláin bainteach leis an oideachas lán-Ghaeilge dar le hiar-scoláirí: áiseanna, téarmaíocht agus úsáid an Bhéarla sa seomra ranga	37
Úsáid an Bhéarla mar theanga teagaisc agus foghlama san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge	38
Cumas Béarla an iar-scoláire iar-bhunscoile lán-Ghaeilge	39
Pobal iar-scoláirí na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge	40
Scrúduithe Stáit i dTuaisceart Éireann agus Ceist an Aistriúcháin	40

• <b>Tagairtí</b>	<b>41</b>
-------------------	-----------

## Achoimre Fheidhmeach

Bhí mar aidhm ag an taighde seo léargas a thabhairt ar thaithí iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ag féachaint go háirithe ar thionchar na scolaíochta sin ar a dtaithí ar an oideachas ag an tríú leibhéal. Rinneadh iniúchadh freisin ar ionchais scoláirí reatha iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar mhaithe le comparáid a dhéanamh idir an méid a raibh siadsan ag súil leis óna dtaithí ag an tríú leibhéal agus mar a thit cúrsaí amach dá gcomhscoláirí a raibh an t-aistriú sin déanta acu.

### Modheolaíocht an Taighde

Cuimsíodh dhá ghrúpa ar leith i rannpháirtithe an taighde seo, is iad sin daltaí sa bhliain dheiridh den iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta agus iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Ina dteannta siúd, cuireadh páirtithe leasmhara a bhfuil ról acu san oideachas lán-Ghaeilge faoi agallamh lena dtuairimí siúd ar ábhar an taighde seo a mheas.

Mar a rianaíodh, theastaigh ó na taighdeoirí comparáid a dhéanamh idir an taithí a bhí ag iar-scoláirí tar éis dóibh aistriú go dtí an tríú leibhéal agus na hionchais atá ag scoláirí reatha na n-iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Chuige sin, cuireadh trí chás-staidéar san áireamh sa tionscadal taighde seo inár cuimsíodh iar-bhunscoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann agus iar-bhunscoil Ghaeltachta. Sampla randamach de thrí iar-bhunscoil a bhí i gceist agus 36 dalta in iomlán a bhí sa sampla daltaí. Reáchtáladh grúpaí fócais leis na daltaí sin lena dtuairimí agus a dtaithí ar an ábhar a mheas.

Maidir le hiar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta atá ag freastal ar an tríú leibhéal, baineadh leas as ceistneoir ar líne agus as grúpaí fócais ar mhaithe le heolas a bhailiú uathu siúd maidir lena dtaithí ar an iar-bhunscolaíocht san earnáil sin agus maidir lena dtaithí reatha ag an oideachas tríú leibhéal.

Sampla de 75 mac léinn a chomhlánaigh an ceistneoir ar líne agus bhí na rannpháirtithe sin ag freastal ar dheich n-institiúid tríú leibhéal ar oileán na hÉireann. D'fhonn iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar théamaí an taighde agus ar théamaí breise a d'eascair as torthaí an cheistneora, reáchtáladh grúpaí fócais le 22 mac léinn ar iar-scoláirí iad d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Reáchtáladh na grúpaí fócais i gceithre institiúid tríú leibhéal sa tír: trí cinn i bpoblacht na hÉireann agus ceann amháin i dTuaisceart Éireann.

### Tátal agus Moltaí

Tugtar léargas anseo ar thátal an taighde agus cuirtear moltaí chun cinn ar mhaithe leis na dúshláin bainteach leis an aistriú ón iar-bhunscoil lán-Ghaeilge go dtí an t-oideachas tríú leibhéal, agus go deimhin an leanúnachas in earnáil an oideachais lán-Ghaeilge i gcoitinne, a mhaolú nó a sheachaint.

### Buntáistí an oideachais lán-Ghaeilge dar le hiar-scoláirí

Is mó buntáistí ná a mhalairt a bhaineann leis an oideachas lán-Ghaeilge dar le rannpháirtithe an taighde seo agus a bhformhór den tuairim go maireann an buntáiste sin go fóill. Maidir leo siúd den tuairim go bhfuil míbhuntáiste áirithe ag baint leis, dar lena bhformhór gur míbhuntáiste measartha agus gearrthréimhseach atá i gceist.

I measc na mbuntáistí a luann rannpháirtithe an taighde agus an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge faoi chaibidíl tá: an tsuim a mhúsclaítear sa Ghaeilge agus sa dátheangachas; an bród a chothaítear sa chultúr Gaelach; pointí breise a bhronntar orthu siúd a thugann faoi scrúduithe na hArdteistiméireachta trí mheán na Gaeilge; buntáistí cognaíocha an dátheangachais; foghlaim teangacha breise; áisiúlacht nó fáil isteach ar an oideachas lán-Ghaeilge de bharr taithí ar an soláthar céanna ag an mbunleibhéal.

Ar cheann de na buntáistí is mó a bhaineann leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge dar le daltaí na hiar-bhunscoile Gaeltachta a ghlac páirt sa taighde seo, an nádúr a bhaineann leis an nGaeilge mar theanga chumarsáide toisc a dtaithí ar an teanga mar theanga baile agus pobail. Dar leis na daltaí sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht go dtugann an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge ugach don dalta dua a chaitheamh leis an léann nach gcaitear leis an oideachas i mBéarla.

Ní aistríonn ach thart ar 50% de dhaltaí ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge go hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Ceann de na cúiseanna leis seo an bhúairt a bhíonn ar thuismitheoirí go mbeidh a gcuid páistí faoi mhíbhuntáiste ag an tríú leibhéal toisc nach dtuigfidís téarmaíocht i mBéarla sna hábhair éagsúla (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016).

Moltar dul i mbun feachtais feasachta dírithe ar thuismitheoirí ar mhaithe leis an easpa díobhála atá ag oideachas lán-Ghaeilge ar a ndul chun cinn acadúil agus iad ag freastal ar an oideachas tríú leibhéal. Bheimis ag súil de bharr feachtais feasachta den chineál seo go mbeadh ar chumas tuismitheoirí agus daltaí rogha níos feasaí a dhéanamh go háirithe faoin leanúnachas chuig an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge.

### **Dúshlám bainteach leis an oideachas lán-Ghaeilge dar le hiar-scoláirí**

Maidir leis na dúshlám a bhaineann leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge, luaitear easpa áiseanna lán-Ghaeilge san oideachas, cumas íseal sa Ghaeilge i measc múinteoirí agus deacrachtaí bainteach le scrúduithe stáit.

### **Úsáid an Bhéarla mar theanga teagaisc agus foghlama san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge**

I gcás dhaltaí atá sa bhliain dheireanach dá gcuid iar-bhunscolaíochta sonraítear éagsúlachtaí sna comhthéacsanna ina bhfuil na scoileanna suite. Dar le daltaí na hiar-bhunscoile Gaeltachta agus áiseanna á bplé, gur bac an friotal a bhíonn in úsáid in áiseanna don oideachas lán-Ghaeilge ar an tuiscint agus dá réir, ar an bhfoghlaim. Is é a dtuairim gur fusa tabhairt faoi ábhair áirithe i mBéarla seachas bheith ag iarraidh bheith ag plé le téarmaíocht Ghaeilge atá dar leo mí-nádúrtha agus níos casta ná mar ar chóir di a bheith. Dar leo freisin gur fusa agus ciallmhaire an cleachtas é sin, ó tharla go bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoi na scrúduithe stáit i mBéarla. Díol suntais ainneoin go greideann na daltaí gur buntáiste suntasach na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge pointí bónais na hardteistiméireachta, ní leor an buntáiste sin go dtabharfaidís faoi gach scrúdú i nGaeilge. Tá solas caite ag tionscadail eile taighde ar chleachtais den chineál chéanna in iar-bhunscoileanna Gaeltachta (Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha & Ní Mhainín 2005; Ní Shéaghdha, 2012; Ní Thuairisg, 2019). Tugtar faoi deara, áfach, fiú sa chás go bhfuil fáil ar áiseanna lán-Ghaeilge nach mór go mbeadh an friotal oiriúnach do chomhthéacs na scoileanna éagsúla. Ardaítear an cheist, i gcás na ndaltaí sin atá den tuairim nach bhfuil agus nach mbeidh na háiseanna lán-Ghaeilge oiriúnach agus gur gá glacadh leis an mBéarla mar mheán ní hamháin sna scrúduithe stáit ach freisin mar mheán teagaisc agus foghlama ag an tríú leibhéal, an gá féachaint in athuair ar chleachtais teagaisc agus foghlama sa suíomh lán-Ghaeilge ar mhaithe le ról an Bhéarla a shainiú. Is léir, go háirithe i gcás iar-bhunscoileanna na Gaeltachta go bhfuil an Béarla in úsáid mar theanga teagaisc agus foghlama i gcás ábhair éagsúla. Tá an baol ann go rachadh cleachtas den chineál in aghaidh dea-chleachtais atá á gcur chun cinn sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016) agus freisin go gcuirtear le doiléire cheist an teagaisc lán-Ghaeilge sna scoileanna sin.

Moltar úsáid an Bhéarla in iar-bhunscoileanna Gaeltachta a iniúchadh trí thionscadal taighde a dhéanfaidh scagadh ar chleachtais reatha, réasúnaíocht na gcleachtas reatha agus tionchar na gcleachtas sin ar an bhfoghlaim agus ar phobal na scoile. Aithnítear, mar atá luaite anseo agus in iliomad tionscadal eile taighde go bhfuil ról áirithe ag an mBéarla mar theanga teagaisc agus foghlama in iar-bhunscoileanna Gaeltachta. Rachadh taighde dá leithéid i dtreo an ról seo a shainiú agus idirghabháil a dhearadh, dá mba ghá, lena chinntiú nach dtagann úsáid an Bhéarla sa chomhthéacs seo salach ar shealbhú, ar chothú ná ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga na scoile.



Glactar leis go mbaintear leas as an mBéarla i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht freisin ach an chuma ar an scéal gur ar mhaithe le dúshlán sheachtracha a shárú a dhéantar seo seachas é a bheith mar thoradh ar chinneadh pearsanta an dalta. Ní fheictear ach an oiread go mbaintear leas as an mBéarla mar theanga teagaisc agus foghlama ar mhaithe le dúshlán na téarmaíochta a shárú. Mar atá luaite, tá géarghá le taighde ar an ábhar seo ar mhaithe leis na cleachtais reatha a fhiosrú.

Tugann roinnt rannpháirtithe suntas do mhúinteoirí nach bhfuil ardchumas acu sa teanga agus é seo mar bhac ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc lán-Ghaeilge. Dar leis na daltaí go bhfuil tionchar aige seo ar an bhfoghlaim, ar atmaisféar an ranga agus ar an gcaidreamh idir an dalta agus an múinteoir. Aithnítear go bhfuil géarchéim earcaíochta san earnáil oideachais lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal agus é fíordheacair ag scoileanna múinteoirí a earcú a bhfuil cumas teanga ard a dhóthain acu sa Ghaeilge a cheadódh dóibh a n-ábhar a theagasc go héifeachtach in iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Tá ardú tagtha ar an líon cúrsaí san oideachas múinteoirí a rachadh i dtreo an bhearna seo a líonadh ach ní réitíonn sin an dúshlán a bhfuil solas caite anseo air, i.e. go bhfuil cumas íseal na múinteoirí ag cur le húsáid an Bhéarla in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.

Moltar go rachfaí i gcomhairle leis na heagraíochtaí sin a bhfuil forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí iar-bhunscoile mar chúram orthu ar mhaithe le cúrsa oiliúna mar aon le seirbhís tacaíochta a sholáthar a bheadh dírithe orthu siúd a bhfuil sé i gceist acu tréimhse ghairmiúil a chaitheamh in iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Moltar go mbeadh an fheasacht teanga mar aon le bunphrionsabail an oideachais ilteangaí mar chroílár na hoiliúna lena chinntiú go bhfuil tuiscint ag an múinteoir ar chomhthéacs na scoile, a ról féin sa chomhthéacs sin agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige nó aici ar phobal na scoile.

Agus ceist na téarmaíochta á plé i measc mhic léinn tríú leibhéal, tugtar suntas don téarmaíocht mar ábhar a bhfuil deacrachtaí ag baint leis. De bharr na tréimhse caite leis an oideachas lán-Ghaeilge, ag an mbun agus ag an iar-bhunleibhéal is minic go mbíonn téarmaíocht áirithe Ghaeilge daingnithe in aigne na scoláirí. Nuair a thosaítear ag tabhairt faoin bhfoghlaim ar an ábhar nó ar an gcoincheap céanna i mBéarla, dar le rannpháirtithe go dtógann sé am agus iarracht dul i dtaithí ar an téarmaíocht nua. Tá tuiscint chruinn ag na mic léinn ar an gcoincheap faoi chaibidil ach is minic go mbíonn lipéad eile ina gceann acu air agus is ábhar frustrachais seo dóibh in amantaí.

Moltar d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge féachaint in athuair ar cheist na téarmaíochta Gaeilge ag féachaint an bhfuil bealach ann go bhféadfaí cur chuige dátheangach a úsáid agus téarmaíocht á scagadh. Tuigtear nár mhór an cur chuige seo a phleanáil go cúramach agus monatóireacht ghéar a dhéanamh air lena chinntiú nach gcuirtear cultúr teagaisc agus foghlama lán-Ghaeilge na scoile i mbaol. Is straitéis í seo b'fhéidir a chúiteodh de bheagán pé bearna foclóra atá in aigne an dalta agus freisin a d'ullmhódh é / í don léann i mBéarla ag an tríú leibhéal.

## Cumas Béarla an iar-scoláire iar-bhunscoile lán-Ghaeilge

Dúshlán atá comónta i measc na ndaltaí uile dar leo, an easpa aitheantais a thugtar dóibh mar úsáideoirí agus foghlaimeoirí den Ghaeilge mar dhara teanga go háirithe de réir mar a bhaineann sé leis an ionchas atá ann gur mar an chéile a gcumas sa dá theanga Gaeilge agus Béarla. Cé go mbíonn stór focal níos iomláine ag dátheangach nuair a chuirtear an dá theanga le chéile, ní féidir talamh slán a dhéanamh de má bhíonn focal acu i dteanga amháin go mbeidh sé acu sa teanga eile (Bialystok et al., 2014). Dar leis na rannpháirtithe uile, daltaí iar-bhunscoile agus na mic léinn tríú leibhéal, go bhfuiltear ag súil go mbeidh cumas cothrom bainte amach acu sa dá theanga ach nach gá go mbeadh sin amhlaidh, go háirithe de réir mar a bhaineann sé le raon ard teanga sa Béarla acadúil. Aithníonn na rannpháirtithe gur beag taithí atá acu ar an raon sin teanga agus gur raon é atá riachtanach go háirithe agus ábhair idir lámha i mBéarla ag an tríú leibhéal. Dar leis na rannpháirtithe go bhfuil tacaíocht bhreise ar fáil sa réimse seo do mhic léinn ón iasacht ach nach n-aithnítear gur dúshlán é i measc iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Cé go nglacann na rannpháirtithe

nach léiriú é seo ar mhoill acadúil ar bith, is bac é in amantaí don rannpháirtíocht san ábhar. Tá inní ar roinnt rannpháirtithe freisin go mb'fhéidir go mbeadh tionchar aige ar dhearcadh an tríú pháirtí ar chumas intleachtúil an duine. Ní léir an bhfuil bac ar mhic léinn Éireannacha tarraingt ar na hacmhainní seo atá á soláthar cheana féin in institiúidí tríú leibhéal na tíre.

Ceangailte go dlúth leis an ábhar seo an easpa eolais atáthar a bhailiú in institiúidí tríú leibhéal na tíre maidir le cúlra oideachais teanga na mac léinn. Cé go n-aithnítear go bhfuil eolas áirithe ag na hinstitiúidí faoi chúlra scolaíochta ní léir an bhfuil eolas á bhailiú ag fiosrú cén cúlra teanga ná cén cumas teanga atá ag mic léinn. Is deacair mar sin don institiúid fios a bheith acu cé na seirbhísí tacaíochta teanga a bheadh de dhíth ar phobal na hinstitiúide.

Is léir mar atá luaite go bhfuil feasacht áirithe i measc na mac léinn maidir leis an tacaíocht bhreise atá de dhíth orthu ar mhaithe leis an easnamh sa Bhéarla acadúil a chúiteamh ach ní léir an bhfuil na hinstitiúidí chomh feasach céanna ar na riachtanais sin.

Moltar i dtús báire d'institiúidí tríú leibhéal córas foirmiúil a chur sa tsiúil ag féachaint cén cúlra teanga atá ag mic léinn agus measúnú a dhéanamh ar na seirbhísí tacaíochta a bheadh de dhíth bunaithe ar chomhdhéanamh na mac léinn. Moltar clár sainiúil tacaíochta a fhorbairt sa Bhéarla acadúil dóibh siúd a bhfuil caighdeán réasúnta ard acu sa Bhéarla, ach de bharr a gcuid taithí scolaíochta gur mó taithí atá acu ar an dara teanga, an Ghaeilge sa chás seo, mar theanga acadúil. Aithnítear nach ceist Ghaeilge amháin í seo toisc go bhfuil líon suntasach mac léinn in institiúidí na tíre a fuair a gcuid scolaíochta sa Bhéarla ach a bhfuil taithí acu ar theanga eile mar theanga baile agus mar theanga sóisialaithe. Rachadh seirbhís tacaíochta den chineál sin luaite go mór chun leasa na mac léinn sin.

## Pobal iar-scoláirí na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge

Bhí dúshlán shuntasacha i gceist agus rannpháirtithe a shásódh critéir an tionscadail taighde seo a earcú, a bhí sin don easpa eolais ar chonair aistrithe iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Tuigtear go bhfuil thart ar 16,000 dalta ag fáil a gcuid iar-bhunscolaíochta trí mheán na Gaeilge sa tír, ach ní léir cá bhfuil a dtriail siúd nuair a thugann siad aghaidh ar an tríú leibhéal. Léiríonn an taighde seo freisin gur beag teagmháil atá ag na rannpháirtithe le gréasáin Ghaeilge lasmuigh den sféar oideachais. Fiú i gcás na ngréasán sin, is dírithe orthu siúd atá i mbun staidéir ar an nGaeilge mar ábhar is mó atá siad agus comhdhéanamh na gcumann mar scáthán air sin.

Léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil bá agus ceangal láidir ag rannpháirtithe uile an taighde leis an nGaeilge, ní hamháin mar shiombail chultúrtha ach mar theanga chumarsáide agus shóisialaithe. Go deimhin dar leis na daltaí iar-bhunscoile gur mian leo an Ghaeilge a leathnú amach ó sféar an oideachais agus iad ag súil go mbeidh siad in ann 'í a choimeád suas' ina saol pearsanta amach anseo. Is léir ó thaithí na mac léinn tríú leibhéal nach mar sin a thiteann cúrsaí amach.

De dheasca taithí fhada ag na rannpháirtithe de bheith ag brath go láidir ar struchtúir oideachais ar mhaithe le deiseanna úsáide agus sóisialaithe sa Ghaeilge a chur ar fáil, is cosúil nach bhfuil cleachtadh ag cainteoirí óga Gaeilge dul ar thóir na ndeiseanna seo iad féin ná ach an oiread gréasán dá gcuid féin a chothú. Tá sé seo amhlaidh go háirithe ina measc siúd atá i mbun staidéir ar ábhair eile léinn seachas Gaeilge. De bharr easpa deiseanna úsáide lasmuigh den sféar oideachais tá an ceangal sin leis an nGaeilge agus an cumas sa teanga á chreimeadh de réir a chéile.

Moltar d'eagraíochtaí Gaeilge na tíre féachaint in athuair ar an straitéis atá i bhfeidhm maidir le cothú gréasáin de dhaoine óga ar cainteoirí Gaeilge iad. Moltar straitéis a dhearadh a bheadh mar sprioc aici úsáid na Gaeilge lasmuigh de sféar an oideachais agus a chuimseodh cainteoirí Gaeilge as scoileanna lán-Ghaeilge **agus** lán-Bhéarla, a chothú.



Moltar d'eagraíochtaí a bhfuil cúraimí orthu san earnáil oideachais lán-Ghaeilge i gcomhair le hionadaithe mac léinn, feachtas a dhearadh a dhíreodh ar mhic léinn tríú leibhéal, go háirithe na mic léinn sin atá i mbun staidéir ar ábhair lasmuigh den Ghaeilge mar ábhar. Bheadh mar aidhm ag an bhfeachtas seo mic léinn ar iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge a mhealladh i dtreo gníomhaíochtaí acadúla agus sóisialta a mbeadh an Ghaeilge ina lár.

Ag cur srianta bainteach leis an *Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí* san áireamh, moltar d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta cumann *alumni* a bhunú ina mbeadh bunachar sonraí de dhíndiúirí teagmhála iar-scoláirí na scoileanna sin mar ghné lárnach. Ba mhór an chabhair a leithéid de bhunachar don scoil agus iad ag cothú an phobail lán-Ghaeilge sa cheantar. Ba mhór an buntáiste pleanála teanga a bheadh lena leithéid de bhunachar freisin agus gréasáin á gcothú ina mbeadh úsáid na Gaeilge mar theanga shóisialta, teaghlaigh agus léinn á gcur chun cinn.

### **Scrúduithe Stáit i dTuaisceart Éireann agus Ceist an Aistriúcháin**

Tarraingítear aird ar leith ar dhúshlán atá le tabhairt go sonrath ag daltaí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge Thuaisceart Éireann, is é sin gur gá scrúduithe stáit a dhéantar i nGaeilge a aistriú go Béarla ionas go bhféadfaí iad a cheartú. Dar leis na daltaí go bhfuil siad go mór faoi chomaoin ag cumas agus tuiscint an aistritheora agus fágtar go mbíonn amhras orthu maidir le hiontaofacht an aistriúcháin agus an mharc a bhronntar dá réir.

Moltar d'eagraíochtaí Gaeilge agus d'eagraíochtaí a bhfuil cúraimí orthu san earnáil oideachais lán-Ghaeilge dul i mbun stocaireachta ar mhaithe le cur chuige a chur sa tsiúil a bheadh mar sprioc aige forbairt inniúlachta a chothú i measc scrúdaitheoirí a bhfuil cumas sa Ghaeilge. Bheifí ag súil, agus an fhorbairt inniúlachta seo bainte amach, go mbeadh maolú ar an ngá freagraí na scoláirí i scrúdú stáit a aistriú go dtí an dara teanga agus dá bharr go mbeadh daltaí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge Thuaisceart Éireann muiníneach gur ar a saothar féin a bhí marc measúnuithe á bhronnadh.

# Buntáistí agus dúshláin teanga atá ag iar-scoláirí na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar aistriú go hinstiúid 3ú leibhéal a fheidhmíonn trí Bhéarla

## Réamhrá

Táimid fíorbhuíoch don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta as an gcuireadh a thabhairt dúinn iniúchadh a dhéanamh ar na buntáistí agus ar na dúshláin teanga atá ag scoláirí na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus iad ag aistriú chuig instiúidí tríú leibhéal. Aistríonn thart ar 1,400 dalta ó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta chuig instiúidí tríú leibhéal gach bliain. Roghnaíomar sampla rannpháirtithe sa taighde a bhí ionadaíoch ar réimse instiúidí tríú leibhéal chomh maith le cás-staidéir i dtrí iar-bhunscoil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta chun iniúchadh a dhéanamh ar an gceist taighde. Ghlac na rannpháirtithe tríú leibhéal páirt i ngrúpaí fócais agus d'fhreagair siad ceistneoir leis an gceist taighde a chioradh .i. Cad iad na buntáistí agus na dúshláin teanga a bhí agat is tú ag aistriú ó iar-bhunscoil lán-Ghaeilge nó Gaeltachta chuig instiúidí tríú leibhéal?

Chun léargas níos iomláine a thabhairt ar an gceist, eagraíodh grúpaí fócais i dtrí iar-bhunscoil lán-Ghaeilge; iar-bhunscoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann agus iar-bhunscoil Ghaeltachta. Ghlac 36 dalta sa bhliain dheireadh den iar-bhunscolaíocht páirt sna grúpaí fócais.

Cuirtear tús leis an tuairisc le léirbhreithniú litríochta ar an dátheangachas agus na buntáistí a bhaineann leis agus le córas oideachais dátheangach. Tuigtear dar ndóigh go mbaineann dúshláin leis an dátheangachas freisin agus déantar iniúchadh orthu siúd. Déantar cur síos ansin ar an iar-bhunscolaíocht trí Ghaeilge. Tuigtear go bhfuil fás leanúnach tagtha ar an earnáil seo le scór go leith bliain anuas ach nach bhfuil an fás sin inchurtha leis an bhfás ag an mbunleibhéal. Ní aistríonn ach thart ar 50% de dhaltaí ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Ceann de na cúiseanna leis seo an bhuaire a bhíonn ar thuismitheoirí go mbeidh a gcuid páistí faoi mhíbhuntáiste ag an tríú leibhéal toisc nach dtuigfidís téarmaíocht i mBéarla sna hábhair éagsúla (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016).

Pléitear cumas, dearcadh agus úsáid na Gaeilge i measc daltaí iar-bhunscoile agus an phobail i gcoitinne in Éirinn ag díriú ar an úsáid ghníomhach a bhaineann siad as an teanga lasmuigh de shuíomh an oideachais. Feictear gur líon sách beag den aoisghrúpa faoi chaibidil a labhraíonn an Ghaeilge go rialta lasmuigh den chóras oideachais agus bíonn tionchar ag an ionchur laghdaithe seo ar a bhforbairt foiclóra sa Ghaeilge. Déantar iniúchadh ar deireadh ar an aistriú ón oideachas trí Ghaeilge agus na fachtóirí a imríonn tionchar ar a rogha ábhar san iar-bhunscoil agus rogha cúrsa sa tríú leibhéal.

Mar thoradh ar an taighde seo, tá muid ag súil go mbeadh ar chumas tuismitheoirí agus daltaí rogha níos feasaí a dhéanamh faoin iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge agus an tríú leibhéal. Ina theannta sin, bheadh muid ag súil go rachadh na torthaí chun sochair pháirtithe leasmhara na n-instiúidí tríú leibhéal agus iad ag soláthar seirbhísí tacaíochta teanga agus oideachais d'iar-scoláirí na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge.

## Léirbhreithniú Litríochta

### An Dátheangachas agus an Tumoideachas

Léiríonn taighde éagsúil le dhá scór bliain anuas go mbaineann buntáistí cognaíocha leis an dátheangachas. Baineann na buntáistí seo le cumas airde agus feidhme feidhmiúcháin (executive function) níos fearr a bheith ag dátheangaigh ná mar a bhíonn ag aontearaigh (Bialystok, 2009). Fuarthas na buntáistí seo le páistí a shealbhaigh dhá theanga go luath sa teaghlach nó sa chomhlúadar mórtimpeall orthu (Carlson & Meltzoff,

2008). Leanann na buntáistí seo le daoine fásta agus daoine scothaosta (Bialystok et al., 2006). Tá sé faighte amach fiú gur féidir leis an dátheangachas an próiseas néaltraithe seanaoise a mhoilliú (Bialystok, 2009) agus baineann an buntáiste seo le daoine a d'fhoghlaim an dara teanga mar dhaoine fásta chomh maith (Bak et al., 2014). Meastar go dtarlaíonn an néaltrú níos déanaí i gcás daoine dátheangacha toisc go bhforbraíonn siad cumas airde agus feidhme feidhmiúcháin níos fearr i gcaitheamh a saoil agus go gcruthaíonn sé seo cúltaisce cognaíoch (cognitive reserve) a mhoillíonn an néaltrú. Is féidir le cumas airde níos fearr cabhrú le dátheangaigh fadhbanna a réiteach toisc go mbíonn siad níos fearr ag díriú ar an eolas riachtanach agus eolas nach bhfuil tábhachtach a chur as an áireamh (Kroll & Bialystok, 2013).


I roinnt trialacha a bhain le haisghabháil léacsach fuarthas míbhuntáistí do dhátheangaigh (Bialystok, 2009). Bhain míbhuntáistí do dhátheangaigh nuair a bhí athchuímhne bhriathartha i gceist ach bhí na torthaí níos débhríche nuair a bhí athchuímhne neamhbhriathartha á dtástáil. Míniú amháin air seo is ea go mbíonn dátheangaigh de shíor ag aistriú agus ag roghnú teangacha éagsúla agus cé go gcothaíonn sé seo an fheidhm feidhmiúcháin, lagaíonn sé an rochtain léacsach. Maidir le cúrsaí foclóra, glactar leis go mbíonn stór focal níos lú ag dátheangaigh sna teangacha ar leith ná aonteangaigh ach go mbíonn an stór focal ina iomlán atá acu níos mó (Bialystok et al., 2014).

Léirítear buntáistí an tumoideachais go seasmhach sa taighde le blianta anuas (Bialystok et al., 2014; Lazaruk, 2007; Nicolay & Poncelet, 2013, 2015). I measc na mbuntáistí sin, deirtear go gcuireann an córas tumoideachais le scileanna acadúla an pháiste (Baker & Wright, 2017) agus go mbaineann buntáistí cumarsáide (Cummins, 2000), buntáistí cognaíocha (Bialystok et al., 2006; Woumans et al., 2016) mar aon le buntáistí muiníne (Baker, 2003) leis an gcóras freisin. Fuarthas na buntáistí seo gan aon chur isteach ar dhul chun cinn T1 na ndaltaí cé go raibh cuid mhaith den teagasc ar siúl sa T2 (Genesee, 2004; O'Hanlon et al., 2013). I gcomhthéacs na hÉireann, éiríonn le daltaí tumoideachais gráid níos fearr a fháil i scrúduithe na Teastas Sóisearaí ná a bpiaraí a fhaigheann iar-bhunscolaíocht trí Bhéarla (Ó Muircheartaigh & Hickey, 2008). Ag leibhéal na bunscoile léirigh Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar (2011) gur éirigh chomh maith céanna nó níos fearr le daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge sa Bhéarla agus matamaitic i gcomparáid le daltaí a fuair scolaíocht trí Bhéarla nuair a cuireadh cúinsí socheacnamaíocha san áireamh.

Maidir leis an tumoideachas agus na dúshláin a bhíonn ag dátheangaigh maidir le stór focal a luadh thuas, ní féidir talamh slán a dhéanamh de má bhíonn focal ag dátheangach i dteanga amháin go mbeidh sé acu sa teanga eile. Baineann sé seo le hábhar nuair a mhúintear ábhar trí mheán T2 atá ina mionteanga agus formhór na teagmhála ag daltaí leis an teanga sin sa suíomh oideachais amháin. Bíonn saintearmaíocht sna hábhair eolaíochta agus matamaitic nach gcloiseann daltaí sa ghnáthchaint laethúil lasmuigh de na ranganna sin. Má aistríonn dalta amach as an gcóras tumoideachais go córas T1, teastóidh tréimhse ama uaidh chun lipéid nua a shealbhú ar ábhair agus coincheapa atá códaithe cheana sa T2.

## Iar-bhunscolaíocht trí Mheán na Gaeilge

Tá fás agus borradh tar éis teacht ar líon na ndaltaí lasmuigh den Ghaeltacht atá ag fáil a gcuid oideachas iar-bhunscolaíochta trí mheán na Gaeilge le scór go leith bliain anuas. Feictear i bhFíor 1 gur fhás líon na ndaltaí ar oileán na hÉireann atá ag fáil oideachas trí Ghaeilge ó 2,827 in 1990 go 12,027 in 2018. D'fhéadfadh an fás a bheith níos mó ná sin dá mbeadh na scoileanna in ann freastal ar an éileamh atá ann ó thuismitheoirí don oideachas trí Ghaeilge. Thuairisc 18% de rannpháirtithe Darmody & Daly (2015) go roghnóidís iar-bhunscoil trí Ghaeilge dá bpáistí dá mbeadh ceann sa chomharsanacht.



**Fíor 1. Fás ar líon na ndaltaí, lasmuigh den Ghaeltacht, a fuair oideachas iar-bhunscoile trí Ghaeilge (Foinse: [www.gaeloideachas.ie](http://www.gaeloideachas.ie))**

Nuair a chuirtear san áireamh na daltaí iar-bhunscoile atá ag fáil oideachais trí Ghaeilge sa Ghaeltacht feictear i dTábla 1 go bhfuil 15,784 dalta san iomlán ag fáil iar-bhunoideachas trí Ghaeilge. Tá an líon seo cuid mhaith níos lú ná an 49,822 dalta atá ag fáil oideachas trí Ghaeilge ag an mbunleibhéal.

**Tábla 1. Líon na ndaltaí a fuair oideachas iar-bhunscoile trí Ghaeilge in 2018-19 (Foinse: [www.gaeloideachas.ie](http://www.gaeloideachas.ie))**

	26 Chontae (Lasmuigh den Ghaeltacht)	26 Chontae (Gaeltacht)	6 Chontae	Iomlán daltaí iar-bhunscoile
Líon na ndaltaí	10,842	3,739	1,203	15,784

Léirigh Ní Thuairisg agus Ó Duibhir (2016) go raibh ráta aistrithe de 53.6% ag daltaí bunscoile na 26 contae go hiar-bhunscolaíocht trí Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Bhí go leor cúiseanna ag an gcuid eile de thuismitheoirí (46.4%) gan iar-bhunscolaíocht Ghaeilge a roghnú dá bpáistí. I gcásanna áirithe ní raibh iar-bhunscoil lán-Ghaeilge cóngarach go leor dóibh. An chúis ba mhó atá ábhartha don taighde reatha ná go raibh inní ar 11.9% de thuismitheoirí “nach mbeadh an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge oiriúnach mar rogha chun a bpáistí a ullmhú don oideachas tríú leibhéal ó tharla go mbeadh an t-oideachas sin á sholáthar i mBéarla” (2016: 6). Bhí an toradh seo ag teacht le Mas-Moury Mack (2013) freisin. Bhí inní ar thuismitheoirí i gcoitinne go raibh cumas Béarla a bpáistí á laghdú de bharr an oideachais lán-Ghaeilge a bhí faighte acu sa bhunscoil. Feictear go laghdaítear luach agus feidhm phraiticiúil na Gaeilge go mór in aigne na dtuismitheoirí dá bharr seo. I gcomhthéacs an taighde reatha, bheadh sé spéisiúil a fháil amach an bhfuil na tuairimí céanna ag iar-dhaltaí na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge.

## Cumas, Dearcadh agus Úsáid na Gaeilge

Léirigh taighde Mhic Dhonnacha et al. (2005) go raibh Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 69% de na ndaltaí iar-bhunscoile Gaeltachta agus 10% ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge (Mac Donnacha et al., 2005: 88). Tagann torthaí Uí Ghiollagáin et al. (2007) leis seo cé gur tháinig titim bheag sna céatadáin idir an dá linn agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 63% de na daoine óga sa tionscadal sin. Ainneoin an leibhéal réasúnta ard cumais teanga seo i measc daoine óga sa Ghaeltacht, ní mheasann ach 56% díobh go mbeidís ábalta nó breá ábalta comhrá maith a dhéanamh i nGaeilge agus dar leo gur fearr i bhfad a gcumas sa Bhéarla ná sa Ghaeilge i ngach réim teanga ar ceistíodh iad ina taobh agus baineann sé seo le gach catagóir tíreolaíoch Gaeltachta (Ó Giollagáin et al., 2007: 300). Nuair a rinne Péterváry et al. (2014) iniúchadh ar chumas dátheangach chainteoirí dúchasacha Gaeilge sa Ghaeltacht, tugadh léargas ar an sealbhú laghdaithe a dhéantar ar an nGaeilge i measc cainteoirí óga dúchais Gaeilge sa Ghaeltacht idir seacht agus aon bhliain déag d’aois.

Fuair Ó Giollagáin agus Charlton (2015: 66) amach nach raibh “ag éirí leis na cainteoirí óga dúchais Gaeilge an fheidhmiúlacht chéanna teanga a bhaint amach sa Ghaeilge i gcomparáid leis an sealbhú níos feidhmiúla a thugann siad leo ó thaobh an Bhéarla de”.

Maidir leis na daltaí iar-bhunscoile sna scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, tá fianaise againn ó staidéir éagsúla go n-éiríonn leo cumas maith cumarsáide a bhaint amach sa Ghaeilge (Kennedy, 2012; Murtagh, 2007; Ó Duibhir, 2018) cé go mbíonn laigí ina gcuid cruinnis (Walsh, 2007).

Léiríonn taighde éagsúil go mbíonn tionchar ag dearcadh dearfach ar fhoghlaim agus gnóthachtáil sa T2 (Masgoret & Gardner, 2003; Murtagh, 2009; Ó Muircheartaigh & Hickey, 2008). Fuair Murtagh (2007) amach gur mó seans go labhródh daltaí iar-bhunscoile an Ghaeilge tar éis dóibh an scoil a fhágáil dá mbeadh go leor ama caite acu á foghlaim ar scoil. Bhí tionchar an-dearfach ar fad ar úsáid an teanga dá mbeadh teagmhail éigin acu leis an teanga sa bhaile freisin (Ó Duibhir & Ní Thuairisg, 2019).

Rinne Ó Duibhir, Ó Cathalláin, NigUidhir, Ní Thuairisg agus Cosgrove (2017) taighde cuimsitheach ar dhearcadh agus inspreagadh daltaí bun- agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht maidir le foghlaim agus úsáid na Gaeilge. Go achomair, fuarthas amach go raibh daltaí spreagtha leis an nGaeilge a fhoghlaim ach nach raibh siad chomh spreagtha céanna maidir lena húsáid lasmuigh den seomra ranga nó den scoil. Tháinig laghdú suntasach ar an inspreagadh idir aois 10/11 bl. sa bhunscoil agus aois 16/17 bl. san iar-bhunscoil. Ar an iomlán, ba bheag teagmháil a bhí ag na daltaí leis an nGaeilge lasmuigh den scoil. Ar na hócáidí go raibh teagmháil acu leis an nGaeilge lasmuigh den scoil spreag sé iad le Gaeilge a labhairt. Cé go raibh cumas féintuairiscithe maith sa Ghaeilge ag 25% de thuismitheoirí na ndaltaí níor bhain ach 2.9% úsáid aisti mar phríomhtheanga baile.

Tá dearcadh fabhrach go leor i measc daoine óga na Gaeltachta i leith na Gaeilge cé go dtuigtear go dtagann íslíú ar an dearcadh sin de réir mar a éilítear níos mó uathu (Muintearas Teoranta, 2017; Ó Giollagáin et al., 2007). Tá an Ghaeilge ríthábhachtach nó tábhachtach ina saol do 60% de dhaoine óga (Muintearas Teoranta, 2017). Cé gur maith ann an dearcadh dearfach luaite, ní gá go mbeadh nómhaireachtaí dearfacha teanga mar thoradh air. Mar atá i gcomhthéacsanna eile idirnáisiúnta ina bhfuiltear ag iarraidh buntáistí úsáid na teanga mionlaigh a chur ina luí ar an aos óg mar atá sa Bhreatain Bheag agus i gCeanada, tuigtear go bhfuil “síorchoimhlint” idir tosaíochtaí teanga agus tosaíochtaí eile ina saol agus gur dúshlán ar leith an chothromaíocht sin a bhainistiú (Hodges & Prys, 2019; Jones, 2019; Price & Tamburelli, 2016).

Ainneoin go bhfuil leibhéal réasúnta ard cumais i measc daoine óga na Gaeltachta, níl ach aon cheathrú díobh ina gcainteoirí gníomhacha Gaeilge ina n-aoisghrúpa féin (Ó Giollagáin et al., 2007: 413). Dar le taighde Mhuintearas Teoranta gur ísle an figiúr seo faoi láthair agus 18% de na daoine óga a ghlac páirt ina dtaighde siúd ag tuairisciú gur Gaeilge a bhí á labhairt acu lena gcairde agus 51% ag labhairt Gaeilge lena gcuid cairde “ó am go céile” (Muintearas Teoranta, 2017: 40). Ní haon chúis iontais í seo agus teanga mhionlaigh faoi chaibidil. Bíonn cainteoirí óga na teanga sin meallta ag an mórtheanga: tá cumas sa teanga riachtanach don ghluaiseacht shóisialta agus freisin is trí mheán na teanga sin atá na cleachtais a leagan siad féin an-luach orthu. Tugtar seo faoi deara go háirithe agus leibhéal íseal rannpháirtíochta sna meáin shóisialta trí mheán na teanga mionlaigh de bharr stádas na mórtheanga sa chomhthéacs sin (Landry et al., 2010; Stern, 2017). Is iomaí déagóra a thugann droim leis an teanga, cultúr agus féiniúlacht mhionlaigh ar son na mhórteanga (Groff et al., 2016). Uaireanta tiontaítear ar an mórtheanga chun cur i gcoinne an údaráis agus is beag úsáid a bhaintear as an mionteanga lasmuigh den chomhthéacs oideachais dá bharr (Price & Tamburelli, 2016).

Is le linn bhlianta na hiar-bhunscolaíochta a fheictear titim i leibhéal úsáide teanga i measc aos óg na Gaeltachta agus an laghdú sin soiléir ó thús na bunscolaíochta go deireadh na hiar-bhunscolaíochta (Ó Giollagáin et al., 2007). Tugtar faoi deara freisin go bhfuil an leibhéal úsáide teanga ina measc i bhfad níos ísle agus iad i mbun comhrá lena gcuid cairde ná mar atá sa chomhthéacs baile, “ó 17% don tréimhse aoise 5–8 mbliana go 9% sa tréimhse aoise 15–18 mbliana” (Ó Giollagáin et al., 2007: 322). Tuigtear mar sin go bhfuil úsáid na Gaeilge i measc aos óg na Gaeltachta ar chainteoirí dúchais iad ag brath go láidir ar

chomhthéacs an teaghlaigh (Ó Giollagáin et al., 2007: 322). Is teoranta i bhfad fós na deiseanna úsáide teanga atá ag an gcuid sin d'aos óg na Gaeltachta nach bhfuil taithí acu ar an nGaeilge mar theanga baile.

Tá na torthaí seo ag teacht leis an taighde ar na daltaí lasmuigh den Ghaeltacht freisin (Beaver, 2017; Kennedy, 2012; Murtagh, 2007; Ó Duibhir et al., 2017). Ní nós le formhór na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt lasmuigh d'imeachtaí scoile agus iad ag aistriú go dtí an tríú leibhéal. Go deimhin, labhraítear go leor Béarla lasmuigh den seomra ranga ar shuíomh na scoile (Beaver, 2017; Ní Dhonnabháin, 2014; Ó Duibhir et al., 2017). Níl 'normalú' déanta ar labhairt na Gaeilge lasmuigh de chomhthéacs an oideachais agus leanann sé seo ina saol mar dhaoine fásta. Tá tábhacht eile leis seo maidir le forbairt teanga de. Léiríonn taighde i suímh mhionteanga eile go mbíonn forbairt chumas teanga sa T2 ag brath go mór ar an ionchur a fhaigheann foghlaimeoirí sa T2 rud nach dtagann i gceist leis an T1 (Béarla sa chás seo) áit a ndéantar forbairt iomlán air beag beann ar ionchur (Gathercole & Thomas, 2009). Tá na daoine óga sa taighde seo ionadaíoch ar an bpobal trí chéile a bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na teanga. Cé go mbreathnaíonn siad uirthi mar chomhartha tábhachtach féiniúlachta ní gá í a labhairt le rochtain a fháil ar an gcultúr (O'Rourke, 2011a). Is leor cumas a bheith acu sa teanga agus í a labhairt go hócáidíúil le mothú go bhfuil rochtain acu ar an bhféiniúlacht agus cultúr Gaelach.

## **An tAistriú ón Oideachas lán-Ghaeilge go dtí Oideachas lán-Bhéarla**

Tá fianaise ann go bhfuil tionchar láidir ag mianta na ndaltaí iar-bhunscoile maidir le cúrsa tríú leibhéal ar a rogha ábhar do chúrsa na hArdteistiméireachta (Smyth et al., 2011). Roghnaíonn siad ábhair a bheidh úsáideach dar leo don tríú leibhéal agus a thabharfaidh an deis is fearr dóibh an líon is mó pointí CAO a bhaint amach. Is díol spéise é freisin gurb iad a dtuismitheoirí ba mhó a d'imir tionchar ar a gcuid roghanna do chúrsaí tríú leibhéal. Bhí sé seo amhlaidh le daltaí ó chúlraí meánaicmeach nó uasaicmeach ach gó háirithe. I gcás daltaí ó chúlraí íosaicmeach bhí níos mó tionchar ag na múinteoirí gairmthreorach (Smyth et al., 2011) agus cheap a gcuid tuismitheoirí go raibh níos mó eolais ag na daltaí ná iad féin maidir leis an gcóras tríú leibhéal (McCoy & Byrne, 2011). Bhí iarmhairtí ag na cinntí a rinne daltaí maidir le leibhéal na gcúrsaí a roghnaigh siad don Teastas Sóisearach agus na roghanna a bhí acu don Ardteistiméireacht agus an tríú leibhéal dá réir (Byrne & McCoy, 2017; McCoy & Byrne, 2011). Bíonn srianta ar chuid de na daltaí bunaithe ar chinntí a rinne siad sna luathbhlianta den iar-bhunscoil.

D'fhéadfadh dúshlán a bheith ag scoláirí ar aistriú ó chóras oideachais trí Ghaeilge go dtí córas trí Bhéarla ag deireadh na bunscoile nó na h-iarbhunscoile. Le hais na ngnáthdhúshlán a bhaineann le haistriú ó chéim amháin den chóras oideachais go ceann eile ar nós bainistiú ama agus ualach oibre, bheifí ag súil go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag baint le cúrsaí foclóra agus téarmaíochta. Fuair Beaver (2017) amach ina cuid taighde le hiar-dhaltaí scoileanna lán-Ghaeilge gur fhreagair 46.3% acu nach raibh an t-aistriú éasca ach nár mhair na dúshlán ró-fhada. Léirigh taighde Uí Ríordáin agus O'Donoghue (2011) gur bhain dúshlán comhréire, séimeantacha agus foclóra le foghlaim na matamaitice le hiar-dhaltaí gael scoile ar aistriú dóibh ón mbunscoil go dtí iar-bhunscoil trí Bhéarla agus ón iar-bhunscoil go dtí an ollscoil. Tá na torthaí seo ag teacht le taighde (Shiel et al., 2011, p. 38) a mhol do bhunscoileanna lán-Ghaeilge "níos mó béime a chur ar réasúnaíocht agus ar réiteach fadhbanna sa mhatamaitic sna ranganna Sinsearach" chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán teanga a bhí acu. Mhol Ní Ríordáin agus O'Donoghue (2011) do mhúinteoirí/léachtóirí áiseanna agus cur chuige ar leith a fhorbairt chun cabhrú le hiar-dhaltaí gael scoile. Mhol siad freisin go mbeadh na hiar-dhaltaí féin feasach ar na laigí a bhí acu sa Bhéarla matamaiticiúil. Mhínigh siad gur minic brí ar leith ag focal i gcomhthéacs na matamaitice a bheadh difriúil ón ngnáthbhrí a bheadh ag focal san úsáid laethúil. Bheifí ag súil go mbainfeadh na dúshlán chéanna le hábhair eile ar chúrsaí ollscoile.

Mhol Murray (2010) go mba chóir d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge machnamh a dhéanamh ar chuid den chúrsa matamaitice a mhúineadh trí Bhéarla chun cabhrú le daltaí an t-aistriú a dhéanamh chuig an tríú leibhéal a bheidh don chuid is mó trí Bhéarla. Ag cur san áireamh an líon beag dalta a dhéanann staidéar ar an matamaitic ag an tríú leibhéal b'fhéidir go mbeadh sé níos tairbhí aon tacaíocht sa bhreis a bheadh ag teastáil a thairiscint do mhic léinn go dteastaíonn sé uathu ar aistriú chun na hollscoile dóibh. Tá rian den "Anglonormativity" a fheictear i gcomhthéacsanna iar-choilíneacha eile anseo (McKinney, 2017: 80) agus



gurb í an fhadhb i ndáiríre nach bhfuil go leor cúrsaí ar fáil trí Ghaeilge ag an tríú leibhéal. Thuairisc Ní Ríordáin (2014) dea-thorthaí ar an teagasc dátheangach le rang matamaitice ollscoile agus mhaígh sí gur chuir sé an dátheangachas suimitheach chun cinn. Dar le cuid de na hiar-dhaltaí i dtaighde Beaver (2017) gur chabhraigh sé leo gur úsáid siad téacsleabhair Bhéarla san iar-bhunscoil agus go raibh an foclóir acu sa dá theanga dá bharr. D'fhéadfadh iar-bhunscoileanna suntas a thabhairt do mholadh Shiel et al. (2011: 38) “aird ar leith a dhíriú ar fhorbairt agus ar úsáid na teanga matamaiticiúla i nGaeilge nuair a bhíonn daltaí ag plé le réasúnaíocht agus le réiteach fadhbanna”. Bheadh sé tábhachtach go n-aistreadh na scileanna seo ó theanga go teanga. Treisíonn sé seo an dlúthnasc atá idir an mhatamaitic agus teanga (Barton et al., 2005). Ag cur stádas na Gaeilge san áireamh agus a laghad teagmhála a bhíonn ag daltaí léi lasmuigh den scoil, is beag seans go rachaidh siad i ngleic leis an téarmaíocht sainiúil matamaitice lasmuigh den seomra ranga. Is gné bhreise í seo nuair a chuimhnítear go mbíonn dúshlán ag mic léinn a fuair a gcuid oideachais tríd an T1 agus iad ag dul i dtaithí ar an díoscúrsa casta matamaiticiúil ag an tríú leibhéal (Barton et al., 2005). Is minic daltaí gaelscoile ag dul i muinín an aistriúcháin chun fadhbanna matamaitice a thuiscint agus uaireanta téann siad amú sa phróiseas (Ní Ríordáin & O'Donoghue, 2011). Ní mór a aithint go bhfuil an próiseas seo ar siúl ag daltaí agus is fearr tacaíocht a thabhairt dóibh seachas neamhaird a dhéanamh air.

Gné eile den aistriú is ea go mbíonn mic léinn a fuair a gcuid oideachais i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge ag teacht le chéile ar chomhchéim sna ranganna céanna ollscoile (O'Rourke, 2011b). Uaireanta spreagann sé seo ceisteanna maidir le dlisteanacht agus barántúlacht idir cainteoirí dúchais agus nuachainteoirí (O'Rourke & Walsh, 2015). I gcásanna áirithe tuairiscítear go mbíonn leisce ar mhic léinn T2 labhairt amach i ranganna Gaeilge nuair a bhíonn cainteoirí Gaeltachta i láthair nó nuair a dhéanann mhic léinn T2 iarracht Gaeilge a labhairt le cainteoirí Gaeltachta lasmuigh den rang uaireanta freagraítear i mBéarla iad (O'Rourke, 2011b). Léiríonn sé seo na híogaireachtaí a bhaineann le húsáid mionteanga i suíomh oideachais nach bhfuil chomh srianta le suíomh na scoile. Bíonn dúshlán breise ag mic léinn ó chúlra scoile lán-Ghaeilge nach bhfuil ag déanamh staidéar ar an nGaeilge mar chuid dá gcúrsa ollscoile.

# Modheolaíocht

## Rannpháirtithe an Taighde

Cuimsíodh dhá ghrúpa ar leith i rannpháirtithe an taighde seo, is iad sin daltaí sa bhliain dheireadh den iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta agus iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Ina dteannta siúd, cuireadh páirtithe leasmhara a bhfuil ról acu san oideachas lán-Ghaeilge faoi agallamh lena dtuairimí siúd ar ábhar an taighde seo a mheas.

Tugtar cuntas anseo ar na rannpháirtithe sin agus na modheolaíochtaí taighde a bhí in úsáid le linn a gcuid rannpháirtíochta sa tionscadal taighde faoi chaibidil.

## Scoláirí Reatha san Iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Mar a rianaíodh i réamhrá na tuairisce, theastaigh ó na taighdeoirí comparáid a dhéanamh idir an taithí a bhí ag iar-scoláirí tar éis dóibh aistriú go dtí an tríú leibhéal agus na hionchais atá a gcomhscoláirí in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag féachaint an mar a chéile an méid a bhíodhas ag súil leis agus mar a thit cúrsaí amach ag an tríú leibhéal.

Chuipe sin, cuireadh trí chás-staidéar san áireamh sa tionscadal taighde seo inár cuimsíodh iar-bhunscoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann agus iar-bhunscoil Ghaeltachta. Sampla randamach de thrí iar-bhunscoil a bhí i gceist agus 36 in iomlán a bhí sa sampla daltaí. Reáchtáladh grúpaí fócais ar láthair na scoileanna agus mhair na grúpaí idir 40 agus 55 nóiméad. I measc aidhmeanna na ngrúpaí, bhí:

- na gnéithe is mó a bhfuil tionchar acu ar an dalta agus é / í ag roghnú cúrsa ag an tríú leibhéal
- na dúshláin is mó a bhaineann leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal
- buntáistí agus míbhuntáistí na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge
- na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil do dhaltaí agus iad ag ullmhú don oideachas lán-Bhéarla ag an tríú leibhéal

## Iar-scoláirí Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tugtar cur síos anseo ar mar a earcaíodh iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus ar na modheolaíochtaí a bhí in úsáid agus eolas á bhailiú.

### *Iar-scoláirí Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta: rannpháirtithe á n-earcú*

Ba é príomhspríoc an taighde seo féachaint ar na buntáistí agus ar na dúshláin teanga atá ag scoláirí na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus iad ag aistriú chuig institiúidí tríú leibhéal. Tuigtear go n-aistríonn thart ar 1,400 dalta ó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge chuig institiúidí tríú leibhéal gach bliain ([www.gaeloideachas.ie](http://www.gaeloideachas.ie)). Is dúshlán an earcaíocht rannpháirtithe atá le tabhairt ag taighdeoirí i ngach réimse léinn agus ár ndóigh méadaíonn na dúshláin seo nuair a laghdaíonn na conair teagmhála atá ag na taighdeoirí leis na rannpháirtithe céanna.

Deacracht shuntasach a bhaineann le hearcaíocht rannpháirtithe taighde sa tionscadal idir lámha an easpa eolais atá ar fáil maidir le conair aistrithe iar-scoláirí na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, nó go deimhin iar-scoláirí iar-bhunscoileanna na tíre i gcoitinne. Tuigtear ar ndóigh le teacht na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí go bhfuil dúshlán breise le tabhairt acu siúd ar mian leo teagmháil a dhéanamh le grúpaí áirithe trí na hinstitiúidí lena bhfuil nó lena raibh siad cláraithe de bharr srianta ar na heagrais sin eolas a roinnt leis an tríú páirtí.

Dá réir sin, tugtar aghaidh ar an idirlíon agus ar na meáin shóisialta mar mheán teagmhála. Is deis atá sa phoiblíocht a dhéantar ar líne do thionscadail taighde éascaíocht a dhéanamh don bhailiú eolais agus deifir a chur leis an mbailiúchán sin. Go deimhin tá deis sna meáin shóisialta don taighdeoir teagmháil dhíreach a dhéanamh leo siúd a shásaíonn critéir earcaíochta an taighde agus constaicí institiúideacha a shárú (King, O'Rourke & DeLongis, 2014). Tá sé seo amhlaidh go háirithe i measc grúpaí a bhfuil dúshlán ag baint lena n-earcú: áirítear daoine óga i measc na ngrúpaí seo toisc an ghluaiseacht ina measc agus líon ard eachtraí idirthréimhseacha ag titim amach go háirithe idir 18 agus 24 bliain, aoisghrúpa an tionscadail idir lámha (Faden et al., 2004).

De dheasca na mbuntáistí sin, baineadh leas as na meáin shóisialta mar uirlis phoiblíochta agus earcaíochta agus eolas faoin tionscadal á roinnt le hiar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. I dtaca leis an teagmháil a rinneadh leis na hinstitiúidí tríú leibhéal, agus teagmhálaithe na dtaighdeoirí sna hinstitiúidí sin, cinneadh leas a bhaint as na meáin shóisialta chun teagmháil a dhéanamh leo siúd a shásaigh na critéir earcaíochta agus freisin leo siúd a mbeadh ar a gcumas cuireadh chun rannpháirtíochta sa taighde a roinnt.

Chuathas ar dtús i mbun earcaíochta sa tslí thraidisiúnta, i.e rinneadh teagmháil le hinstitiúidí agus eagraíochtaí éagsúla a raibh nó a bhfuil teagmháil acu le hiar-scoláirí na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar mhaithe le heolas faoin tionscadal a roinnt. Áirítear i measc na n-eagraíochtaí sin, iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta; eagraíochtaí Gaeilge san earnáil dheonach; eagraíochtaí spóirt; clubanna áitiúla spóirt agus siamsaíochta. Roinneadh eolas faoin taighde leis na páirtithe sin luaite ag súil go roinnfí an t-eolas ar dhaoine a shásaigh critéir earcaíochta an tionscadail idir lámha.

Deacracht leis an gcur chuige áirithe seo, mar atá i gcás tionscadal taighde ar bith atá ag brath ar na meáin shóisialta mar mheán earcaíochta, nach féidir a ríomh cén líon rannpháirtithe ar dáileadh eolas ina measc ná ar seoladh cuireadh chun rannpháirtíochta chucu.

Ag deireadh na hearcaíochta, bhí sampla de 75 mac léinn ar iar-scoláirí iad d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus iad ag freastal ar institiúidí tríú leibhéal sa cheithre chúige ar oileán na hÉireann, ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta ina measc. Ba é a dhá oiread an fhiigiúir sin sprioc earcaíochta an tsampla i dtús aimsire. Ainneoin gur baineadh leas as cur chuigí éagsúla earcaíochta, níor éirigh linn sampla 10% a earcú don tionscadal idir lámha. Glactar leis gur dúshlán comónta é seo agus earcaíocht á déanamh ar dhaoine óga ar mhaithe le taighde páirce. Ardaítear an cheist mar sin féin, i bhfianaise thábhacht an ghrúpa seo don taighde a bhfuil an t-oideachas lán-Ghaeilge agus dátheangach mar ábhar aige mar aon leis na tionscadail sin a dhéanann iniúchadh ar chleachtais úsáide teanga ina measc, an bhfuil ar chumas earnáil an oideachais lán-Ghaeilge straitéisí éagsúla a chur sa tsuíl a d'éascódh an teagmháil leanúnach agus fadaimseartha? Is cinnte go rachadh straitéis den chineál chun leasa an taighde san earnáil ach ina theannta sin, bheadh deis ina leithéid de straitéis rannpháirtíocht na ndaoine óga i ngréasáin lán-Ghaeilge thar tréimhse a saoil a chothú. Pléitear seo níos faide anonn sa tuairisc agus moltaí á gcur i láthair.

### *Iar-scoláirí Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge: Bailiú Eolais*


Baineadh leas as ceistneoir ar-líne agus as grúpaí fócais ar mhaithe le heolas a bhailiú ó iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge faoina dtaithí ar an iar-bhunscolaíocht san earnáil sin agus an freisin ar a dtaithí reatha agus iad ag freastal ar an oideachas tríú leibhéal. Tugtar léargas anois ar chur i bhfeidhm an dá uirlis bailithe eolais sin.

### *Iar-scoláirí Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge: Ceistneoir ar-líne*

Ar mhaithe le heolas a bhailiú ó na hiar-scoláirí maidir lena dtaithí ar théamaí an taighde, dáileadh ceistneoir ar-líne ar an sampla iomlán (n=75). Bhí mar aidhm ag an gceistneoir iniúchadh a dhéanamh ar na téamaí thíos:

- cúlra oideachais agus teanga na rannpháirtithe
- tionchar na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge ar an taithí reatha ag an tríú leibhéal
- buntáistí agus dúshlán an oideachais lán-Ghaeilge / lán-Bhéarla ag an tríú leibhéal
- seirbhísí tacaíochta d'iar-dhaltaí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
- rannpháirtíocht i ngréasáin lán-Ghaeilge
- nósmaireachtaí úsáide teanga

Maidir leis na hinstitiúidí tríú leibhéal a raibh na mic léinn ag freastal orthu, léirítear an t-eolas sin san fhíor thíos:




**Fíor 1. Rannpháirtíocht sa cheistneoir de réir institiúide**

### Iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge: Grúpaí Fócais

D'fhonn iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar théamaí an taighde agus ar théamaí breise a d'eascair as torthaí an cheistneora, reáchtáladh grúpa fócais le sampla iar-scoláirí lena dtaithí ar théamaí an taighde a fhiosrú tuilleadh. Ghlac 22 mac léinn san iomlán páirt sna grúpaí fócais a reáchtáladh ar láthair cheithre institiúid tríú leibhéal sa tír: trí cinn i bpoblacht na hÉireann (Inst. A, Inst. B, Inst. C) agus ceann amháin i dTuaisceart Éireann (Inst. D). I measc na dtéamaí a rinneadh iniúchadh orthu na grúpaí fócais, bhí:

- an t-eolas a chuirtear ar fáil maidir leis na roghanna cúrsaí léinn ag an tríú leibhéal, de réir mar a bhaineann sé le cúrsaí trí mheán na Gaeilge
- an cinneadh tabhairt faoin gcúrsa léinn atá idir lámha faoi láthair agus tionchar na taithí ar an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal air seo
- buntáistí nó míbhuntáiste na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge agus an fhad ar mhair na buntáistí / míbhuntáistí seo
- na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil laistigh den institiúid maidir leis an taithí ar an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal
- éagsúlacht sna cleachtais úsáide teanga ag an tríú leibhéal
- deiseanna úsáide teanga ag an tríú leibhéal

Maidir leis na hinstiúidí tríú leibhéal a raibh na mic léinn ag freastal orthu, léirítear an t-eolas sin san fhíor thíos:



**Fíor 2. Rannpháirtíocht sna grúpaí fócais de réir institiúide**

Ba de bhunadh na hÉireann formhór na rannpháirtithe (71 as 75) a ghlac páirt sa taighde agus ceathrar díobh a rugadh thar lear. Bhí formhór na rannpháirtithe idir 18 agus 21 bliana d’aois. Cuimsíonn torthaí an taighde seo torthaí an cheistneora agus na ngrúpaí fócais sin luaite.

## Torthaí an Taighde

Dírítear sa chaibidil seo ar thorthaí an taighde. Pléitear i dtosach báire na torthaí a d’eascair as na cás-staidéir a dhírigh ar thaithí dhaltaí sa bhliain dheireanach i dtrí iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ar oileán na hÉireann. Tugtar aghaidh ina dhiaidh sin ar na torthaí bainteach le príomhghrúpa rannpháirtithe an taighde, is iad sin iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge atá anois ag freastal ar instiúidí oideachais ag an tríú leibhéal. Pléitear i dtosach báire na torthaí a bhaineann leis na cás-staidéir.

## Taithí Daltaí Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tugadh faoi na cás staidéir seo ag féachaint cén ceangal a bheadh idir ionchais na ndaltaí in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus taithí a gcomhscóláirí a bhí imithe ar aghaidh chuig an oideachas tríú leibhéal. Ghlac 36 dalta in iomlán páirt sna cás-staidéir seo agus iad ag freastal ar thrí scoil ar leith: iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann (IB A); iar-bhunscoil Ghaeltachta (IB B); iar-bhunscoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht i bPoblacht na Éireann (IB C). Ar mhaithe leis an scagadh ar thorthaí an taighde a éascú, pléitear na trí scoil in éindigh, cé go dtugtar éagsúlachtaí áirithe faoi deara i dtaithí dhaltaí na scoile mar a bhaineann sé gnéithe éagsúla. Tugtar léargas ar thorthaí an taighde sin thíos.

## Cúrsaí ag an Tríú Leibhéal á Roghnú

Faoin tráth go raibh an taighde páirce idir lámha, bhí a rogha cúrsaí léinn curtha in iúl ag rannpháirtithe an taighde trí mheán an phróisis CAO. Bhí daltaí uile na dtrí scoil aontaithe maidir leis na cúiseanna laistiar dá rogha cúrsaí ag an tríú leibhéal. Dar leo gur suim san ábhar is mó a spreag iad i dtreo na gcúrsaí agus ní haon ghné bainteach leis an nGaeilge mar mheán teagaisc ná foghlama. Dar le dalta amháin nach “gcuireann an Ghaeilge srian” ar an gcinneadh in aon slí (IB Cb). Dar le dalta eile go smaoinítear freisin ar “na postannaí is féidir a fháil” sa réimse agus cúrsa nó réimse léinn á roghnú (IB Ac).

Maidir leis na daltaí iar-bhunscoile lasmuigh den Ghaeltacht, is mian leo go fóill leanúint lena dtaithe teanga, agus iad “fós ag iarraidh Gaeilge a labhairt níos déanaí [sa] saol” agus “ag iarraidh an Ghaeilge a choimeád suas” (IB Cb) fiú sa chás nach roghnaítear cúrsa léinn i nGaeilge. Is léir ó theistiméireachtaí na ndaltaí sa dá iar-bhunscoil lán-Ghaeilge go bhfuil siad den tuairim nach gá go mbeadh an Ghaeilge daingnithe i ndiméin uile an úsáideora len í “a choimeád suas”, an saol acadúil agus gairmiúil san áireamh. Tugtar an dearcadh céanna faoi deara i measc daltaí Gaeltachta. I gcás fhormhór na ndaltaí Gaeltachta, tá an Ghaeilge mar chuid lárnach dá saol baile agus pobail beag beann ar an ábhar léinn a bheidh idir lámha agus dá réir, níl labhairt ná úsáid na teanga ag brath ar chúrsaí léinn. Ainneoin na n-éagsúlachtaí idir an teagmháil atá ag an dá ghrúpa daltaí seo leis an teanga ní léir go bhfeictear do cheachtar grúpa gur feithicil éigeantach an léann ar mhaithe leis an gceangal leis an teanga a choimeád. Díol spéise go nuige seo i gcás daltaí na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht go raibh a n-úsáid teanga ag brath go láidir ar dhiméin an oideachais. Anois agus leibhéal sásúil, dar leo, bainte amach sa Ghaeilge, ní dóigh leo go bhfuil an gaol sin i gceist a thuilleadh. Dar leo go mbeidh deiseanna úsáide ar fáil dóibh lasmuigh de sféar an oideachais nuair a thugtar droim don scolaíocht lán-Ghaeilge, deiseanna a bhfuil sé i gceist acu a thapú. Is léir ó thaithí na mac léinn tríú leibhéal a pléitear níos moille nach gá gur mar sin a bheidh.

Fiosraíodh le daltaí an mbeadh spéis acu tabhairt faoin gcúrsa léinn dá mbeadh sé ar fáil i nGaeilge agus bhí na daltaí idir dhá chomhairle. Cé nach dteastaíonn uathu go dtiocfadh meath ar a gcuid Gaeilge, tá amhras ar dhaltaí maidir le fiúntas na teanga i réimsí áirithe gairme:

Más eolaíocht é ní dhéanfainn é [i nGaeilge] mar cé atá thart atá ag fostú daoine trí mheán na Gaeilge agus ansin caithfidh muid dul tríd an bpróiseas céanna arís a bheith ag aistriú gach rud go Gaeilge. (IB Ca)

Dar le daltaí na hiar-bhunscoile Gaeltachta go bhfuil an Ghaeilge “níos éasca ... má tá sí scríofa go nádúrtha” ach gur beag cúrsa atá ar fáil i nGaeilge den chineál sin agus nárbh fhiú mar sin tabhairt faoi chúrsa léinn i nGaeilge nach bhfuil oiriúnach dóibh.

Aithníonn na daltaí uile go bhfuil buntáiste fostaíochta bainteach leis an nGaeilge sa chás go mbeadh ról ag teangacha sa réimse atá i gceist. Maidir le réimsí eile, áfach, is beag fiúntas atá léi mar theanga oibre ná léinn dar leo:

má tá na buachaillí ag iarraidh innealtóireacht a dhéanamh agus má dhéanann siad i gcoláiste thrí Ghaeilge é cén mhaith dóibh á dhéanamh thrí Ghaeilge agus gan aon postannaí le haghaidh rudaí a dhéanamh amuigh anseo le haghaidh innealtóireacht [i nGaeilge] (IB Bc)

Is léir ó theistiméireachtaí na ndaltaí go bhfuil dearcadh praiticiúil acu maidir le buanna na Gaeilge mar ábhar agus mar mheán teagaisc agus foghlama ag an tríú leibhéal. Tá bádh ag na daltaí leis an teanga ach dar leo go bhfuil srianta leis an nGaeilge i réimsí áirithe oibre agus gur fearr ullmhú do na réimsí áirithe sin ag an tríú leibhéal trí mheán an Bhéarla.

Tugtar faoi deara arís anseo go bhfuil an ceangal idir an Ghaeilge agus sféar an oideachais á lagú go coinsiasach in intinn na ndaltaí. Is ceist eile an ann do dhiméin eile leis an mbearna seo a líonadh sna deiseanna úsáide teanga a bheadh ar fáil dóibh. Pléifear sin agus taithí na mac léinn tríú leibhéal á scagadh.

## Seirbhísí Tacaíochta do Dhaltaí Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge

Is í an tseirbhís tacaíochta is mó atá ar fáil do dhaltaí agus iad ag ullmhú don oideachas ag an tríú leibhéal múinteoir gairmthreorach na scoile, cé go n-aithnítear nach bhfuil múinteoir gairmthreorach fostaithe i ngach scoil. Toisc gurb í suim an dalta atá mar ábhar spreagtha, dar leis na daltaí gur faoin dalta féin atá sé eolas a



bhailiú i dtaobh na gcúrsaí is fearr a oireann dó nó di. Níor mhiste a lua gur tharraing daltaí aird ar an easpa eolais atá ar fáil faoi na cúrsaí léinn atá ar fáil i nGaeilge ag an tríú leibhéal agus go rachadh sé go mór chun leasa daltaí iar-bhunscoile dá mbeadh fáil ar bhunachar nó fóram amháin ina mbeadh liosta de na cúrsaí atá ar fáil i nGaeilge i ngach réimse léinn in institiúidí oideachais na hÉireann. Cé gur cosúil nach bhfuil tionchar ag an nGaeilge mar mheán teagaisc ar dhaltaí agus iad ag roghnú cúrsaí ag an tríú leibhéal, dar leo go mba mhaith an uirlis mar sin féin bunachar dá leithéid go háirithe i gcás na gcúrsaí sin i réimsí eile léinn, lasmuigh den Ghaeilge mar ábhar.

## **Buntáistí Bainteach leis an Oideachas lán-Ghaeilge ag an Iar-bhunleibhéal**

Maidir leis na buntáistí bainteach leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge, ní mar an chéile dearcadh grúpaí áirithe. I measc na mbuntáistí a luann na daltaí uile agus iad ag trácht ar an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge i gcoitinne, tá: an tsuim a mhúsclaítear sa Ghaeilge agus sa dátheangachas; an bród a chothaítear sa chultúr Gaelach; pointí breise a bhronntar orthu siúd a thugann faoi scrúduithe na hardteistiméireachta trí mheán na Gaeilge; buntáistí cognaíocha an dátheangachais; áisiúlacht an oideachais lán-Ghaeilge de bharr taithí ar an soláthar céanna ag an mbunleibhéal.

I measc na ndúshlán a luaitear leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge, áirítear deacrachtaí bainteach le téarmaíocht an oideachais lán-Ghaeilge ar an dúshlán is mó agus is forleithne ina measc. Gnéithe eile a bhfuil deacrachtaí áirithe ag baint leo is ea easpa áiseanna lán-Ghaeilge san oideachas, cumas íseal sa Ghaeilge i measc múinteoirí in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus deacrachtaí éagsúla bainteach le scrúduithe stáit. Tugtar léargas thíos ar an gcur síos a dhéanann daltaí na dtrí scoil ar na buntáistí agus dúshláin san iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge.

## ***An Chéad Teanga mar Mheán Teagaisc agus Foghlama***

Ar cheann de na buntáistí is mó a bhaineann leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge dar le daltaí na hiar-bhunscoile Gaeltachta an nádúr a bhaineann leis an nGaeilge mar theanga chumarsáide toisc a dtaithí ar an teanga mar theanga baile agus pobail. Buntáiste eile leis dar leo go seachadtar an t-oideachas ina gcéad teanga agus dar leo go dtuigeann siad “an t-ábhar níos fearr ... más é Gaeilge do theanga dhúchais”. Ainneoin gur Gaeilge teanga baile fhormhór na rannpháirtithe, buntáiste eile leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge an sealbhú leanúnach a dhéantar ar an teanga:

bíonn muid ag labhairt Gaeilge istigh sa rang agus mar gheall gur scoil Gaeilge é bíonn muid ag labhairt Gaeilge leis na múinteoirí ... is dócha go bhfuair muid éasca i gcónaí é ach is dóigh go bhfuil níos mó stór focal Gaeilge againn ... ná mar a bhí b'fhéidir roimh gur tháinig tú isteach (IB Bc)

## ***“Atmaisféar deas” na scoile, Buntáistí Cognaíocha agus Scrúduithe Stáit***

Dar leis na daltaí san iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, buntáiste suntasach den iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge nithe mar “comhluadar sa scoil”, “atmaisféar deas”, “scoil bheag agus na cairde”. Ár ndóigh, ní hé sin le rá nach bhfuil gnéithe den chineál céanna le tabhairt faoi deara sna scoileanna Gaeltachta, ach go mb'fhéidir nach bhfuil an éagsúlacht shuntasach chéanna le brath chomh láidir sin ag daltaí idir timpeallacht na scoile agus timpeallacht an phobail.

Dar leis na daltaí sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht freisin go gcuireann an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge brú ar an dalta dua a chaitheamh leis an léann nach gcaitear leis an oideachas i mBéarla: “cabhraíonn sé sa scrúdú ag deireadh an lae mar tá an obair breise sin isteach níos luaithe” (IB Cd). Luaitear buntáistí cognaíocha an dátheangachais freisin agus an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge á plé:

sílím go dtugann sé deis dúinn anailís níos fearr a dhéanamh ar an rud mar go bhfuil solúbthacht intinne againn so thig linn cineál an dá theanga a láimhseáil (IB Ab)

Buntáiste a tharraingíonn daltaí na hiar-bhunscoile Gaeltachta aird air is ea an dul chun cinn ar féidir a dhéanamh sna scrúduithe stáit sa Ghaeilge mar ábhar de bharr buntáiste breise na Gaeilge:

[tá]buntáiste agat mar gheall go bhfuil ... go bhfuil Gaeilge agat, go bhfuil tú i gceantar Gaeltachta, so tá sé níos éasca ort an scrúdú Gaeilge a dhéanamh agus marc ard a fháil [sa Ghaeilge] (IB Bc)

Ar an ábhar céanna, is buntáiste freisin na pointí bónais a ghnóthaítear san ardteistiméireacht de bharr an oideachais lán-Ghaeilge. Dar leo go mbíonn seo ina gceann acu agus iad ag breathnú chun cinn i dtreo na scrúduithe stáit ag súil go bhféadfaí an deis a thapú agus pointí breise a ghnóthachtáil. Díol suime, ainneoin go ndéanann gach rannpháirtí tagairt don ghné seo mar bhuntáiste den oideachas lán-Ghaeilge, go n-aithnítear mar sin féin nach dtugtar faoi gach scrúdú trí mheán na Gaeilge, go háirithe sna hábhair eolaíochta. Pléifear seo tuilleadh níos faide anonn.

Maidir le ceist na bpointí breise, níl daltaí ar aon intinn maidir leis an bhfiúntas bainteach leo. Dar le daltaí na hiar-bhunscoile lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht i bPoblacht na hÉireann nach mórán suntais a thugann siadsan do na pointí bónais:

Ní dhéanann siad an méid sin difríocht, so má tá tú ag ceapadh, 'is féidir liom brath ar an gcúpla faoin gcéad sin ag an am chun an marc a fháil' ... Ach fós ní riamh a úsáid[eann] muid na pointí breise ar scoil. Níor chomhairigh siad iad. Níl an taithí sin againn le pointí [breise] (IB Cb)

## Dúshláin Bainteach leis an Oideachas lán-Ghaeilge ag an Iar-bhunleibhéal

Maidir leis na dúshláin is mó atá le tabhairt ag daltaí na hiar-bhunscoile Gaeltachta le linn a gcuid scolaíochta, is léir go bhfuil cosúlachtaí le sonrú idir na daltaí seo agus daltaí eile an tionscadail sa mhéid is gurb í an téarmaíocht sna hábhair éagsúla is mó atá mar chonstaic ag daltaí. Díol suime go mbíonn cur chuigí éagsúla in úsáid ag daltaí na scoileanna éagsúla ar mhaithe leis an gconstaic seo a shárú.

Is é tuairim dhaltaí na hiar-bhunscoile Gaeltachta gur fusa tabhairt faoi ábhair éagsúla i mBéarla seachas bheith ag iarraidh úsáid a bhaint as téarmaíocht atá dar leo mí-nádúrtha agus níos casta ná mar ar chóir di a bheith. Dar leis na daltaí gur Gaeilge a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus ag daltaí sa rang den chuid is mó ach go scríobhtar nótaí i mBéarla agus go ndéantar an obair bhaile in ábhair éagsúla i mBéarla chomh maith. Is cleachtas é seo atá i bhfeidhm ina measc ón uair sular tugadh faoin Teastas Sóisearach. Níor mhiste a lua gur nós i mblianta scrúduithe san iar-bhunscolaíocht obair an ranga, obair bhaile san áireamh, a dhíríú i dtreo na scrúduithe stáit. Chuige sin is gníomhaíochtaí bunaithe ar sheanpháipéir scrúduithe stáit a bhíonn idir lámha ag daltaí go minic sa rang agus mar obair bhaile. Dar leis na daltaí gur fusa agus ciallmhaire tabhairt fúthu sin trí mheán an Bhéarla, ó tharla go bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoi na scrúduithe iad féin i mBéarla.

Innealtóireacht agus bitheolaíocht... ná hábhair is deacra [ó thaobh téarmaíochta]. Ach ní dhéanann muid bitheolaíocht [i nGaeilge] déanann muid thrí Bhéarla é. Tá an innealtóireacht sách deacair ... tá an leabhar i mBéarla, ach déanann [an múinteoir] i nGaeilge é. [Tá] na rangannaí i nGaeilge. Ach déanann mise an scrúdú thrí Bhéarla ... ceapaim fhéin go bhfuil sé ró-dheacair [é a dhéanamh] trí Ghaeilge (IB Bd)

I measc na n-ábhar eile a thugtar fúthu i mBéarla de bharr na gcúiseanna céanna tá ealaín agus ceol. Díol suime go nglactar níos fonnmháire le hábhair eile de bharr téarmaíocht an ábhair sin a bheith ag luí níos nádúrtha leis an nGaeilge labhartha:

Foirgníocht, déanann muid i nGaeilge é. Tá an téarmaíocht níos éasca. Má tá tú ag caint faoi thithe agus an chaoi a ndéantar tithe, agus sórt, is dóigh mar gheall go bhfuil cuid mhaith de na haithreachaí sa mbaile bíonn siad ag obair ar an tionsclaíocht - tithíocht - tá's againn na téarmaí cheana is bíonn sé níos éasca (IB Bc)

Tá cur chuige dátheangach in úsáid mar sin féin leis an eacnamaíocht bhaile:

Múineann [an múinteoir] trí Ghaeilge é ach freagraíonn muid na ceisteanna i mBéarla (IB Ba)

Díol suntais ainneoin go gcreideann na daltaí go bhfuil pointí bónais na hardteistiméireachta ar cheann de bhuntáistí is mó den iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge, ní leor an buntáiste sin go dtabharfaidís faoi gach scrúdú i nGaeilge.

Níor mhiste a lua gur cinneadh é seo atá glactha ag na daltaí iad féin agus nach léir an polasaí scoile i dtaobh scrúduithe atá i gceist. Níor mhiste a lua freisin gur cur chuige i leith na foghlama é seo atá i bhfeidhm i scoil amháin Ghaeltachta agus nach gá gur mar seo atá i ngach iar-bhunscoil Ghaeltachta. É sin ráite, tá solas caite ag tionscadail eile taighde (Mac Donnacha et al., 2005; Ní Shéaghdha, 2012; Ní Thuairisg, 2019) ar chleachtais den chineál chéanna in iar-bhunscoileanna Gaeltachta. Is fiú súil níos géire a chaitheamh ar an gceist seo agus scagadh a dhéanamh ar an gcleachtas in iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus na himpleachtaí atá leis don oideachas lán-Ghaeilge san oideachas Gaeltachta. Pléitear seo níos faide anonn sa tuairisc agus moltaí á gcur i láthair.

Glactar leis go mbaintear leas as an mBéarla i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht freisin ach an chuma ar an scéal gur ar mhaithe le dúshláin sheachtracha a shárú a dhéantar seo seachas é a bheith mar thoradh ar chinneadh pearsanta an dalta.

Nuair a fhéachtar ar na straitéisí atá in úsáid in iar-bhunscoil lasmuigh den Ghaeltacht maidir le húsáid an Bhéarla, feictear go bhfuil cur chuige eile in úsáid agus formhór na ndaltaí ag tabhairt faoina gcuid ábhar ar fad i nGaeilge. Dar leo go mba aisteach an cás a mhalairt de chleachtas:

Ní bhainimid úsáid as na leabhair Béarla. Cheannaigh muid é [ach]... bíonn nótaí [Gaeilge] múinteoirí in úsáid againn (IB Cb)

Ní foghlaim muidne cúrsaí trí Béarla ... Ní ligeann an scoil dúinn muna raibh fáth [leis] seachas “níl mé ag iarraidh” (IB Ca)

Díol suntais go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil féinriar an dalta i bhfeidhm san iar-bhunscoil Ghaeltachta agus cinneadh pearsanta ar bun maidir leis an teanga a bheidh in úsáid agus gur treoir ón mbarr anuas atá i gceist san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Ní fhágann sin, áfach, nach bhfuil an Béarla in úsáid ar chor ar bith sa seomra ranga san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Cúis eile le húsáid an Bhéarla sa seomra ranga caighdeán teanga an mhúinteora agus tionchar aige sin ní hamháin ar an meán teagaisc ach freisin ar an gcaidreamh idir daltaí agus múinteoirí chomh maith céanna. Dar leis na daltaí gur ann do roinnt múinteoirí sa scoil a “bhfuil Gaeilge acu ach níl sé go hiontach”:

Déanann siad iarracht ... fiú má bhíonn [siad] ábalta é a labhairt bíonn na nótaí cineál thart timpeall na háite ... bíonn ort léamh thar gach rud. Uaireanta ní bhíonn aird ar an ngramadach ... Ach ceapaim go mbíonn sé deacair ar mhúinteoir ag teacht isteach gan Gaeilge mar saghas ní bhíonn an meas céanna ag an rang ar an múinteoir sin (IB Ca)

Bíonn frustrachas orm ... mar seo an bealach atá rudaí sa scoil seo. Is Gaelscoil é agus ansin bíonn ort dul ar ais go Béarla agus nílim anseo chun Béarla a fhoghlaim so bíonn frustrachas orm agus bíonn frustrachas orainn ar fad ... Beidh muidne i dtrioblóid muna labhraíonn muidne [Gaeilge]. [Nuair] atá na múinteoirí ag labhairt as Béarla bíonn frustrachas orm (IB Cc)

Tá na daltaí ar aon intinn maidir leis na dúshlán a bhaineann leis an oideachas lán-Ghaeilge sa mhéid is go n-aithnítear go bhfuil dúshlán suntasach ag baint leis an téarmaíocht san oideachas lán-Ghaeilge agus acmhainní lán-Ghaeilge a aimsiú. Is dúshlán pearsanta é seo don dalta ach fágtar in amanna nach bhfuil an rochtain chéanna ag na daltaí ar chúnaimh seachtrach de bharr an bac teanga seo:

má tá tú ag iarraidh taighde a dhéanamh taobh amuigh den scoil ar an idirlíon tá sé an-deacair an t-eolas a fháil. Fiú ... an *examinations commission* ní bhíonn siad i nGaeilge. Má theastaíonn uait níos mó eolais a fháil taobh amuigh den scoil caithfidh tú gach rud a aistriú ionas gur féidir le duine éigin eile cabhrú leat mar ní thuigeann siad cad atá á dhéanamh agat (IB Cd)

nuair atá tú ag déanamh taighde ar rudaí nó ar an idirlíon bíonn gach rud i mBéarla (IB Cc)

bhí orainn taighde a dhéanamh don aiste [san Ealaíon] agus ní raibh [áiseanna] ar bith ann le cuidiú leat (IB Ce)

Dar leis na daltaí san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i dTuaisceart na hÉireann go bhfuil siad go mór faoi mhíbhuntáiste agus scrúduithe idir lámha toisc go bhfuil dúshlán bhreise lena scrúduithe siúd agus iad ina mbun trí mheán na dara teanga ach gurb é an t-am céanna a cheadaítear dóibh agus daltaí arb é an Béarla a gcéad teanga:

Glacann sé níos mó ama dúinne i scrúduithe mar bíonn orainn smaoineamh mar den chuid is mó ní cainteoirí dúchasacha muid so glacann sé am dúinn aistriú in inchinn s'againn agus ansin é a scríobh i nGaeilge agus ansin níl an aistriúchán sa scrúdú déanta go maith so bíonn orainn an scrúdpháipéar Béarla a úsáid mar thacaíocht so sin dúshlán (IB Aa)

Dar leo nach dtarlódh a leithéid dá mba teanga eile a bhí i gceist mar dhara teanga mar shampla an Spáinnis:

tá áiseanna seo de dhíth orainn ... cuireann siad muid ar an leibhéal céanna le daoine *just* a labhraíonn Béarla so tá tuilleadh tacaíocht agus tuilleadh ama i scrúduithe de dhíth orainn. Níor chóir go mbeadh muid ag súil leis na dúshlán sin mar níl an fadhb céanna ag tíortha eile ... níls agam cén fáth gur chóir go mbeadh muid ag glacadh leis mar gurb í an Ghaeilge atá i gceist (IB Ac)

Tarraingíonn na daltaí aird ar dhúshlán suntasach atá sainiúil do chomhthéacs na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, is é sin nach mór scrúduithe a scríobhtar i nGaeilge a aistriú go Béarla ar mhaithe len iad a cheartú. Dar leis na daltaí go bhfuil siad go mór faoi chomaoin ag scil agus tuiscint an aistritheora ar an mbunchóip agus nach gá gur ionadaíocht chruinn a dhéantar ar an scrúdú sa chéad teanga. Ár ndóigh fágann seo go mbíonn amhras ar dhaltaí maidir le hiontaofacht an aistriúcháin agus an mharc a bhronntar chomh maith céanna.

## Rogha maidir le cúrsaí léinn

Maidir leis na cúrsaí ar mian leis na rannpháirtithe tabhairt fúthu, déantar trácht ar raon leathan réimsí léinn, ina measc: fisiteiripe; socheolaíocht; altracht; bitheolaíocht; teangacha domhanda; smidiú; innealtóireacht; na dána; scannánaíocht.

Ceistíodh daltaí maidir leis an bhfonn a bheadh orthu tabhairt faoin gcúrsa iomlán nó cuid de i nGaeilge dá mbeadh a leithéid ar fáil. Dar leis na rannpháirtithe go bhfuil luí acu leis an nGaeilge mar mheán teagaisc agus foghlama ach gur dóigh nach mbeadh cúrsaí áirithe, go háirithe cúrsaí lasmuigh de na dána, ar fáil i nGaeilge. É sin ráite sa chás go mbeadh cuid den chúrsa ar fáil, tá roinnt den tuairim go dtabharfaidís faoi:

Dá mba rud é go raibh sé ar fáil b'fhéidir. Tá mé ag iarraidh í a coimeád, tá mé bródúil as bheith in ann í a labhairt ba bhreá liom é a choimeád ach ní ceapaim go bhfuilim in ann an cúrsa a dhéanamh (IB Ca)

Míbhuntáiste leis an gcúrsa léinn i nGaeilge an brú ar an mac léinn tabhairt faoin aistriúchán:

... le hinnealtóireacht bíonn Gaeilge agus Béarla in úsáid agat. Beidh tú ar ais sa bhád céanna beidh tú ag foghlaim as Gaeilge ach ag aistriú go Béarla chun cumarsáid le éinne eile a dhéanamh (IB Bc)

Dar leis na daltaí nach mian leo bheith i mbun an siar is aniar céanna ag an tríú leibhéal is a bhí ar bun san iar-bhunscoil de réir mar a bhaineann sé le bheith ag aistriú téarmaíochta. Aithníonn daltaí eile go bhfuil feidhmiúlacht áirithe leis an mBéarla nach bhfuil ag an nGaeilge agus go dtagann sin chun cinn go láidir agus cúrsaí fostaíochta agus cáilíochta faoi chaibidil:

Má tá mé ag dul amach ag obair in aon chomhlacht cé eile a bhfuil ábalta Gaeilge a labhairt ... má tá tú ag dul ag labhairt le daoine ó comhlachtaí a bhfuil tar éis teacht ó thar lear. Tá fhios agat gach téarmaíocht i nGaeilge ach níl fhios agat i mBéarla (IB Cb)

Gné amháin a dhéanann inní do thuismitheoirí agus do dhaltaí maidir leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge, is ea tionchar an oideachais lán-Ghaeilge ar chumas an mhic léinn tabhairt faoin oideachas tríú leibhéal trí mheán an Bhéarla (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016). Theastaigh ó na taighdeoirí ionchas na ndaltaí iar-bhunscoile i dtaobh na ceiste seo a fhiosrú agus ina dhiaidh sin iad a chur i gcomparáid le taithí reatha na mac léinn tríú leibhéal iad féin. Fiosraíodh leis na daltaí cén taithí ar dóigh leo a bheidh acu sna céad cúpla míonna agus iad i mbun an oideachais tríú leibhéal. Dar leo gur dóigh go mbeidh deacrachtaí áirithe i gceist ar dtús báire ach go maolódh siad sin le himeacht ama:

[beidh] sé deacair don céad cúpla seachtain ach ansin rachaidh muid i dtaithe ar an Béarla. Labhraím Béarla sa bhaile so ní bheidh sé chomh difriúil sin ag dul ó lá go lá as Gaeilge go dtí 100% Béarla [ach] níl ach ábhar amháin agat [anseo] trí Bhéarla, ní scríobhann tú aistí ach amháin sa rang Béarla so nuair atá tú ag scríobh aistí sa choláiste trí Bhéarla caithfidh an téarmaíocht a bheith agat ní ceapaim go bhfuil an caighdeán céanna [scríbhneoireachta againn] is a bhfuil sa Gaeilge (IB Ce)

I gcás na ndaltaí iar-bhunscoile Gaeltachta, tá taithí acu ar an dá theanga sa seomra ranga agus dar leo nach mbeidh dúshlán breise bainteach leis seo ag an tríú leibhéal:

Bíonn muid ag úsáid an dhá theanga. Bíonn muid ag úsáid Béarla is Gaeilge agus muid ag foghlaim (IB Bc)

Dar le dalta eile, ainneoin go bhfuil an Ghaeilge níos nádúrtha dóibh mar theanga, tá cleachtadh acu ar an mBéarla agus foclóir níos leithne acu sa teanga sin de bharr an leas atáthar a bhaint as áiseanna Béarla sa seomra ranga:

Bhuel, léann muid níos mó Béarla so tá réimse níos mó foclaí i mBéarla againn ná Gaeilge cé go bhfuil muid tógtha le Gaeilge. So, sin rud amháin cinnte (IB Ba)

Dar le dalta san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann aithnítear go mbeidh dúshlám áirithe le tabhairt acu bainteach leis an aistriú ó chomhthéacs oideachais lán-Ghaeilge go lán-Bhéarla ach nach fada a mhairfidh na dúshlám seo, “cúpla seachtain agus gheobhaidh tú cleachtaithe leis” (IB Ab).

Is léir agus daltaí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ag cur a dtaithí agus a n-ionchais i láthair gur mó cosúlacht atá ina measc ná a mhalairt. Dar lena bhformhór gur buntáiste suntasach an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge, de réir mar a bhaineann sé lena bhforbairt chognaíoch, lena ndul chun cinn acadúil agus freisin lena rannpháirtíocht i dtimpeallacht dhearfach agus chothaitheach. Buntáiste suntasach do dhaltaí iar-bhunscoile Gaeltachta go háirithe go seachadtar an t-oideachas trí mheán na céad teanga agus luí níos nádúrtha leis an teanga mar mheán teagaisc agus foghlama réir.

Aithnítear go bhfuil dúshlám le tabhairt ag na daltaí a bhaineann go sonrath leis an timpeallacht oideachais lán-Ghaeilge, go háirithe an téarmaíocht agus ról na téarmaíochta sin i gcleachtais na scoile, an mhúinteora agus an dalta maidir leis an teanga a bheidh in úsáid agus ábhair ar leith idir lámha. Mar atá luaite, is iomaí tionscadal taighde a rinne scagadh ar an ábhar céanna. I bhfianaise an raon leathan cleachtas atá i réim, ní áirítear an éagsúlacht cleachtais i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, b’fhiú go mór súil níos géire a chaitheamh ar na cleachtais seo go háirithe an tionchar atá acu ar sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge agus rannpháirtíocht na ndaltaí sa soláthar sin.

Tugtar aghaidh anois ar phríomhthéama an taighde, taithí iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus iad ag freastal ar institiúidí oideachais tríú leibhéal.

## **Buntáistí agus dúshlám teanga atá ag iar-scoláirí na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar aistriú go hinstitiúid 3ú leibhéal a fheidhmíonn trí Bhéarla.**

Cuirtear i láthair anseo torthaí an taighde de réir mar a bhaineann sé le taithí iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar an oideachas tríú leibhéal.

### **Cúrsaí Léinn**

Meascán cúrsaí agus ábhair léinn a bhí idir lámha ag rannpháirtithe an taighde, a bhformhór siúd i mbun cúrsaí sna Dána agus an Ghaeilge mar ábhar acu. I measc na réimsí eile léinn a bhí idir lámha bhí: matamaitic; eolaíocht ainmhithe; cothú an duine; eolaíocht bithleighis; fisiteiripe; innealtóireacht; leigheas; altracht; síceolaíocht; oideachas múinteoirí; ríomhaireacht; réalteolaíocht; teicneolaíocht faisnéise.

I gcás fhormhór na réimsí léinn lasmuigh den Ghaeilge mar ábhar, is beag deis atá ar fáil tabhairt faoi na réimsí sin i nGaeilge. Maidir leis na rannpháirtithe a roghnaigh na cúrsaí sin, fiosraíodh leo ar theastaigh uathu, dá mbeadh a leithéid ar fáil, tabhairt faoina réimse léinn i nGaeilge. Dar leis na mic léinn gurb é an cúrsa féin a mheall iad agus gur thugadar tús áite don chúrsa seachas meán an chúrsa sin:

d’aimsigh mé [cúrsa i nGaeilge] in NUIG ach *mathematical science* nó rud éigin a bhí ann ach theastaigh uaim innealtóireacht a dhéanamh agus ní raibh sé ar fáil. Theastaigh uaim [an cúrsa i nGaeilge] a dhéanamh ach ansin shíl mé go mbeadh innealtóireacht níos praiticiúla ná *mathematical science* (Inst. Ba<sup>1</sup>)

[Ní raibh suim agam] i gcúrsaí Gaeilge mar ní raibh mé ag iarraidh staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge, bhí mé ag iarraidh staidéar a dhéanamh ar fisiteiripe agus ní raibh sin ar fáil trí Ghaeilge (Inst. Bc)

1 Institiúid tríú leibhéal B, mac léinn a



Dar le mic léinn eile gur údair eile a bhí acu arís seachas na Gaeilge agus an cúrsa á roghnú:

[bhí] bliain taithí oibre ar fáil anseo agus ní raibh sé sin *really* ar fáil in aon áit eile ... bhí an-tionchar ag mo thuismitheoirí orm mar gheall ar na *fees* anseo agus d'fhreastail mo bheirt deartháireacha suas anseo *so* sort bhí aithne agam ar an áit agus [tá sé] *just* i bhfad níos saoire (Inst. Ca)

Mar a léiríodh agus taithí na ndaltaí reatha iar-bhunscoile faoi chaibidil, is é tuairim na ndaltaí sin freisin gur tábhachtaí tús áite a thabhairt d'ábhar an chúrsa seachas an teanga trína mbeadh an cúrsa sin á sheachadadh.

Nuair a cheistítear mic léinn maidir leis an bhfonn a bheadh orthu tabhairt faoi na cúrsaí céanna dá mbeidís ar fáil i nGaeilge dar leo nár mhiste leo tabhairt faoin gcúrsa i nGaeilge ach nach mian leo mar sin féin a sainréimse acadúil a bhunú ar an nGaeilge féin:

Ní raibh mé chun Gaeilge a dhéanamh *just* mar go raibh mé ag iarraidh mo Ghaeilge a choinneáil suas ... ní chaithfidh tú céim sa Ghaeilge a bheith agat le bheith líofa sa Ghaeilge ... *But* dá mbeadh síceolaíocht ... ar fáil trí mheán na Gaeilge, dhéanfainn é (Inst. Cb)

B'fhearr liom *just* an Gaeilge a labhairt ach gan aistí a scríobh ar gramadaí agus achan rud mar sin (Inst. Ca)

I gcás mhic léinn eile, b'fhearr leo fanacht leis an mórghrúpa ranga seachas a bheith páirteach i gcaobh lán-Ghaeilge den ábhar léinn, craobhacha go hiondúil ina mbíonn líon níos ísle mac léinn:

Níor theastaigh uaim bheith scartha ó mhic léinn dlí eile mar tá an cúrsa an-bheag. Níl ach triúr againn ann ... agus níor theastaigh uaim bheith in éineacht le díreach triúr agus is dóigh liom go mbeadh sé níos úsáidí an dlí a dhéanamh trí Bhéarla, beagnach, mar bíonn sé trí Bhéarla go praiticiúil don chuid is mó (Inst. Bb)

Ardaíonn roinnt rannpháirtithe an cheist seo maidir le praiticiúlacht an mheáin teagaisc agus foghlama ag brath ar an ábhar léinn. Arís, ach an oiread le daltaí reatha na n-iar-bhunscoileanna, ní leor an Ghaeilge mar mheán len iad a mhealladh i dtreo chúrsa léinn.

## Dúshlán ag Eascart ón Oideachas lán-Ghaeilge

Léirínn torthaí an cheistneora go raibh 60% de rannpháirtithe an taighde den tuairim go raibh gnéithe áirithe den oideachas lán-Ghaeilge ag an tríú leibhéal dúshlánach dóibh. Astu seo, dar le 44% go raibh an téarmaíocht san oideachas lán-Ghaeilge dúshlánach agus dar le 52% go raibh deacracht acu acmhainní acadúla i nGaeilge a aimsiú. Is léir ó na torthaí go dtagann a dtaithe siúd go mór le taithí dhaltaí reatha na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge.

Maidir leo siúd a bhí i mbun an oideachais lán-Bhéarla ag an tríú leibhéal, dar le 53% go raibh gnéithe den oideachas sin dúshlánach agus díol suime gurb í an téarmaíocht arís is mó atá a luaitear sa chás seo. Dar le 75% de na rannpháirtithe go bhfuil dúshlán ag baint le ceist na téarmaíochta san oideachas lán-Bhéarla. Go hiondúil dar leo gur mó dúshlán a bhaineann leis an téarmaíocht nuair is ábhar a rinneadh staidéar air ag an iar-bhunleibhéal atá faoi chaibidil ó tharla an téarmaíocht sin a bheith foghlamtha cheana féin trí mheán na Gaeilge agus gur gá do mhic léinn an téarmaíocht sin a aistriú go Béarla. Is iondúil freisin gur le linn na tréimhse tosaigh den oideachas tríú leibhéal is mó a thugtar na deacrachtaí seo faoi deara:

Nuair a tháinig mise ar an ollscoil bhí mé ag déanamh stair sa chéad bhliain. Bhí sé iontach deacair na téarmaí a thuiscint agus bhí na léachtóirí cineál *like* ag amharc síos ort muna raibh tú ag úsáid Béarla *like* ‘iontach maith’ (Inst. Bc)

Bíonn dúshlán áirithe i gceist leis an téarmaíocht agus ábhair mar mata agus ábhair eolaíochta faoi chaibidil.

Rinne mé an mata agus mata feidhmiúil agus *physics* sa scoil ... ach bhí sé iontach deacair ag tús na bliana mar tá [na] dlíthe le *physics* tá siad agam i Gaeilge agus *just* caithfidh mé foghlaim arís i Béarla (Inst. Dc)

Dar leis an mac léinn céanna nach brú breise ar an bhfoghlaim atá i gceist ach brú ar a chuid ama den chuid is mó:

Tá na coincheapanna agam, so sin an rud is tábhachtaí ach caithfidh mé *just* na dlíthe ... a fhoghlaim arís i Béarla. Ach tá mé ábalta é a aistriú ... *just* tógann sé giota beag am [...] níl sé ro-dheacair. Tá sé ceart go leor. *Just a bit of a nuisance* (Inst. Dc)

Dar le mac léinn eile go bhfuil gá dul i dtaithe ar an mBéarla mar theanga teagaisc agus foghlama:

Rith sé liom go mbeadh sé deacair, b'fhéidir, tiontú isteach i mBéarla tar éis dom bheith á dhéanamh as Gaeilge, go háirithe leis an dlí ... tá foclóir fíor-leathan ann, ana-chuid le foghlaim agus bíonn sé deacair ach i ndáiríre ní raibh sé ró-dheacair dul i dtaithe air ... ceapaim go raibh sé ceart go leor agus aríst, b'fhearr liomsa an dlí a dhéanamh as Béarla toisc go bhfuil sé níos úsáidí ach ní hé sin le rá go bhfuil aiféala ormsa go ndearna mé gach rud trí [Ghaeilge] (Inst. Bc)

[bhí] taithí agam ar mata a dhéanamh trí Ghaeilge agus bhí an t-athrú sin ... níos deacra ná mar a shíl mé go mbeadh sé ... bhí orm na téarmaí sin ar fad a fhoghlaim, *radius* agus gach rud arís ach cheap mé go raibh sé i bhfad níos deacra ná a shíl mé go mbeadh (Inst. Ba)

Ainneoin go mbíonn cúrsaí léinn á seachadadh i mBéarla, tarraingíonn na rannpháirtithe go fóill ar acmhainn na Gaeilge ar mhaithe le rochtain a fháil ar an ábhar:

Cloisim focal nua i Béarla [sa mata] agus tá mé ag smaointiú cad a bhfuil seo, ach *then* ... caithfidh mé amharc é suas agus faigheann mé an Gaeilge agus [tuigim ansin é] (Inst. Cc)

I gcás roinnt mac léinn, bíonn sé níos fusa orthu leanúint leis an nós nótaí acadúla a scríobh i nGaeilge mar a rinneadh ag an iar-bhunleibhéal cé go mb'fhéidir go bhfuil an t-ábhar féin ar bun i mBéarla. Cé go n-aithnítear gur cleachtas fadálach go maith é seo, aithnítear mar sin féin nach bhfuil míbhuntáiste suntasach i gceist:

Feiceann tú mic léinn ón tSín agus ... caithfidh siad é a dhéanamh freisin, so ní dóigh liom go bhfuil mórán míbhuntáiste agam (Inst. Cb)

Níor mhiste a lua maidir le mic léinn agus daltaí an oideachais lán-Ghaeilge go bhfuil an-taithí acu a bheith ag dul idir an dá theanga agus iad ar an iar-bhunscoil agus nach bhfeictear dóibh go bhfuil an oiread sin éagsúlachta ag baint leis an nós seo ag an tríú leibhéal. Tugadh seo faoi deara go láidir agus taithí na ndaltaí reatha iar-bhunscoile á scagadh. Is léir ó theistiméireachtaí roinnt mac léinn go seasann an taithí seo leo ag an tríú leibhéal:

Bhí go leor fadhbanna againne [san iar-bhunscoil] le téacsleabhar nua nach raibh aistriithe fós, so bheadh an ábhar a dhéanamh trí Ghaeilge ach bheadh an téacsleabhar i mBéarla so bheadh muid i gcónaí ag aistriú. Le dul sa tríú leibhéal ina dhiaidh sin *like* ní drochrud iomlán é sin mar bíonn muid i dtaithí le aistriú agus thuig muid an téarmaíocht sa dá theanga (Inst. Bb)


Tagraíonn mac léinn eile do straitéis a bhí in úsáid san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge mar thaca do dhaltaí agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar an ábhar sa dá theanga:

Bhí orainn eochairfhocail a dhéanamh do gach caibidil chun na téarmaí a scríobh as Gaeilge agus as Béarla só thuig mé an chuid is mó de ansin, *like* bhí orainn iad a fhoghlaim sa dá theanga go mbeadh muid in ann é a dhéanamh san ollscoil (Inst. Bd)

Is léir anseo go dtuigtear do dhaltaí agus go deimhin do mhúinteoirí cé na dúshláin a bheidh le tabhairt san oideachas ag an tríú leibhéal agus go bhfuil straitéisí áirithe in úsáid ar mhaithe leis na dúshláin sin a mhaolú.

### Seirbhísí Tacaíochta

Bhí sé mar sprioc ag an taighde iniúchadh a dhéanamh ar thaithí na mac léinn agus iad ag freastal ar an oideachas tríú leibhéal agus freisin ar na seirbhísí tacaíochta, dá mba ann dóibh, a bhí ar fáil do mhic léinn le linn na tréimhse aistriithe ón iar-bhunscolaíocht. Ár ndóigh bhí fócas ar leith ar na seirbhísí tacaíochta sin dírithe ar ghnéithe a mbeadh tionchar acu ar an aistriú ón gcomhthéacs lán-Ghaeilge go dtí an t-oideachas agus comhthéacs lán-Bhéarla. Cuireadh ceist ar rannpháirtithe ar chuir siad an institiúid tríú leibhéal ar an eolas faoina gcúlra scolaíochta san oideachas lán-Ghaeilge agus léirítear na torthaí sin san fhíor thíos.



Fíor 3. Eolas á roinnt leis an Institiúid tríú leibhéal maidir le cúlra oideachais lán-Ghaeilge

Tuigtear go bhfuil rialacha dochta i bhfeidhm agus eolas á lorg ó mhic léinn le linn an phróisis iontrála de bharr Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Ardaítear an cheist mar sin féin, arbh fhiú d'institiúidí tríú leibhéal eolas a lorg maidir leis an meán teagaisc agus foghlama a bhfuil taithí ag mic léinn air ionas go bhféadfaí seirbhísí tacaíochta a dhearadh dírithe ar na riachtanais tacaíochta a bheadh ag mic léinn de bharr na taithí sin.

Dar le mac léinn amháin go mba mhaith an rud an t-eolas sin a lorg agus a úsáid toisc go dtacódh sé leo siúd ar theastaigh uathu bheith páirteach i saol Gaelach na hollscoile ón tús:

Is dóigh liom gur cheart [an cheist a chur] ionas go bheidh muid ábalta ... ceangal níos mó [a bheith] againn le sochaí cosúil le an Cumann Gaelach, [tá] deis againn Gaeilge a labhairt ach níor tugadh an deis sin dúinn (Inst. Bb)

Fiosraíodh le rannpháirtithe an gcuirtear seirbhísí tacaíochta ar fail dóibh mar thoradh nó de bharr a dtaithí ar an oideachas lán-Ghaeilge ar an iar-bhunleibhéal. Deir 87% nach gcuirtear na seirbhísí sin ar fáil dóibh.

I measc na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil, is seirbhísí tacaíochta sa scríbhneoireacht a bhformhór. Luann roinnt rannpháirtithe an gá atá go háirithe le seirbhísí tacaíochta sa Bhéarla de bharr an easpa taithí ina measc ar an teanga sin mar theanga teagaisc agus foghlama. Tarraingítear aird ar an tacaíocht atá ar fáil sa réimse chéanna do mhic léinn ón iasacht arb é an Béarla an dara nó tríú teanga acu:

Bímse ag obair le mic léinn idirnáisiúnta agus tá an méid sin tacaíocht tabhartha dóibh sin. tugann siad ranganna dóibh in *academic English* agus rudaí mar sin agus ní thuigim cén fáth nach mbeadh daoine atá ag teacht ó áiteannaí sa Ghaeltacht, ó scoileanna Gaeltachta, nach mbíonn ag labhairt Béarla – cén fáth nach féidir leo sin a dhéanamh [dóibh] (Inst. Bc)


Tarraingíonn rannpháirtí eile aird ar an ábhar céanna maidir leis an éagsúlacht idir caighdeán an Bhéarla agus na Gaeilge i measc iar-dhaltaí an oideachais lán-Ghaeilge agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar an dul chun cinn:

Thug mé faoi deara agus mise ag déanamh dlí –leis an díospóireacht ach go háirithe nuair a chuir mé mé féin i gcomparáid le roinnt scoláirí ón iasacht bhí cineál an foclóir agus just roinnt eolais i bhfad níos leithne acu agus ní dóigh liom go raibh mé cineál taobh thiar go hacadúil, ach cinnte b'fhéidir leis an bhfoclóir agus leis an Béarla labhartha agus Béarla scríofa, bhí sé beagáinín níos deacra. Mar tá dlí chomh cineál trom leis an scríbhneoireacht agus leis an léitheoireacht agus bhí sé sin cineáilín deacair ach go háirithe agus mé ag déanamh comparáid leis na scoláirí eile go raibh chomh cineál *you know* articulate agus rudaí mar sin ... dá mbeadh an *academic English*, agus na háiseanna sin againn bhainfinn úsáid astu toisc go gcabhródh sé sin liom go mór (Inst. Bb)

Mar a luann na rannpháirtithe, aithníonn siad féin nach moill acadúil atá i gceist ach go bhféadfadh go mbreathnófaí air sa tslí sin agus thacódh seirbhísí tacaíochta sa Bhéarla leo tógáil ar a gcuid muiníne iad féin a chur in iúl níos éifeachtaí sa teanga sin. Is léir go bhfuil feasacht áirithe ina measc maidir leis an tacaíocht bhreise atá de dhíth orthu ar mhaithe leis an easnamh sa Bhéarla acadúil a chúiteamh, go háirithe ag tús na tréimhse foghlama. Ní léir, áfach, go bhfuil na hinstitiúidí chomh feasach céanna ar na riachtanais sin.


## Úsáid na Gaeilge

Maidir leis an úsáid a bhaintear as an nGaeilge, ceistíodh rannpháirtithe ar dtús maidir lena gcleachtas teanga agus iad ag freastal ar an iar-bhunscoil. Rinneadh seo ar mhaithe leis na nósmaireachtaí teanga bunaithe a fhiosrú agus freisin le hiniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhí nó go deimhin atá go fóill ag timpeallacht na scoile lán-Ghaeilge ar a n-úsáid teanga. Ceistíodh rannpháirtithe ar dtús maidir lena n-úsáid teanga agus iad ar láthair na scoile tráth go raibh siad ag an iar-bhunleibhéal.




Fíor 4. Úsáid na teanga agus mic léinn san iar-bhunscoil agus iad ar láthair na scoile

Rinneadh iniúchadh ansin ar nósmaireachtaí teanga lasmuigh de thimpeallacht na scoile, faoi na ceannteidil chéanna agus léirítear sin san fhíor thíos.




Fíor 5. Úsáid na teanga agus mic léinn san iar-bhunscoil agus iad imithe ó láthair na scoile

Mar atá léirithe i dtionscadaíl eile taighde agus iompar teanga daltaí scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta faoi chaibidil (Ó Giollagáin et al., 2007; Mac Donnacha et al., 2005; Muintearas Teoranta, 2017), léirítear sna torthaí thuas an tsár-obair atá ar bun ag scoileanna úsáid na Gaeilge i measc daoine óga agus iad ar láthair na scoileanna sin a chur chun cinn. Ár ndóigh, is ábhar díomá go fóill an leibhéal an-íseal úsáide Gaeilge atá i measc daltaí iar-bhunscoile lán-Ghaeilge ar shuíomh na scoile agus lasmuigh di. Ar mhaithe le hiniúchadh a dhéanamh ar athruithe i nósmaireachtaí iompar teanga na rannpháirtithe ar a n-aistriú ón iar-bhunscoil go dtí an tríú leibhéal, fiosraíodh úsáid na Gaeilge i measc na rannpháirtithe anois agus iad ag freastal ar an oideachas tríú leibhéal, agus léirítear sin san fhíor thíos.



**Fíor 6. Úsáid na Gaeilge i measc na rannpháirtithe ar láthair na hinstitiúide trúí leibhéal**

Is cinnte go bhfuil an Béarla go fóill in uachtar ina measc mar theanga chumarsáide ach níor mhiste mar sin féin aird a dhíriú ar roinnt gnéithe bainteach lena n-iompar teanga, go háirithe de réir mar a bhaineann sé leis an suíomh ina bhfuil an teanga nó na teangacha á labhairt.



**Fíor 7. Úsáid na Gaeilge i measc na rannpháirtithe imithe ó láthair na hinstitiúide trúí leibhéal**

Cé go bhfuil an Béarla in uachtar mar theanga úsáide ina measc laistigh agus lasmuigh den institiúid oideachais níl an bhearna idir úsáid na Gaeilge sa dá shuíomh sin chomh leathan ag an trúí leibhéal agus a bhí ag an iar-bhunleibhéal. Agus iad ag trácht ar a n-iompar teanga le linn a laethanta scoile, dar le 32% de na rannpháirtithe go raibh an Béarla in uachtar ina measc mar theanga chumarsáide agus iad ar láthair na hiar-bhunscoile agus d'ardaigh an figiúr seo go 85.4% agus iad lasmuigh den iar-bhunscoil.


Anois agus iad ag freastal ar an trúí leibhéal, deir 61.3% go bhfuil an Béarla in uachtar mar theanga chumarsáide agus iad ar láthair na hinstitiúide oideachais agus i measc 69.3% lasmuigh di. Is cinnte gur




ábhar díomá an leibhéal íseal úsáide Gaeilge atá i measc na n-iardhaltaí iar-bhunscoile cé go dtugann na figiúirí seo léargas éigin dúinn ar an rogha teanga a dhéanann na cainteoirí óga lasmuigh den ghréasán oideachais lán-Ghaeilge.

Maidir leis na deiseanna úsáide Gaeilge atá ar fáil do mhic léinn ag an tríú leibhéal, tugtar faoi deara ó theistiméireachtaí na mac léinn go mbraitheann na deiseanna sin go minic ar ghréasán pearsanta an mhic léinn féin mar aon leis na deiseanna nó ócáidí foirmiúla atá á reáchtáil ag an institiúid féin.

Fiosraíodh rannpháirtíocht na mac léinn i gcumann nó clubanna lán-Ghaeilge lasmuigh agus laistigh den timpeallacht oideachais, agus léirítear na torthaí sin thíos.



Fíor 8. Ballraíocht i gcumann/i gclub lán-Ghaeilge laistigh den institiúid oideachais



Fíor 9. Ballraíocht i gcumann/i gclub lán-Ghaeilge lasmuigh den institiúid oideachais

Léirítear sa dá fhíor thuas an ceangal láidir atá go fóill idir cleachtais úsáide na teanga agus an institiúid oideachais agus an dúshlán bainteach leis na cleachtais seo a leathnú amach chuig gréasáin nach bhfuil frámhaithe i sféar an oideachais sin ach ina bhfuil an Ghaeilge go fóill á cothú mar theanga chumarsáide.

Tugtar faoi deara ó theistiméireachtaí na mac léinn a ghlac páirt sa taighde seo go bhfuil an baol ann go bhfuil deiseanna sóisialaithe i nGaeilge, cumainn lán-Ghaeilge san áireamh, dírithe den chuid is mó ar na mic léinn sin a bhfuil an Ghaeilge mar ábhar idir lámha acu. Dar leo go mbíonn sé níos deacra ar mhic léinn atá i mbun cúrsaí eile a mbealach a dhéanamh isteach sna gréasáin seo.

An chuid is mó díobh [sa chumann Gaelach] tá siad ag déanamh staidéar ar an Gaeilge – só tá siad *like* cairde lena chéile (Inst. Cb)

Bhí mise ag smaoineamh dul ar an coiste den Chumann Gaelach an bhliain seo chugainn just chun *like* a rá leo ‘tá daoine nach déanann staidéar ar an Gaeilge ag iarraidh bheith ar an cumann ... daoine ag déanamh STEM nó dlí’ (Inst. Ca)

Cé go bhfuil iarrachtaí na n-ollscoileanna agus na mac léinn féin go deimhin ó thaobh cur chun cinn na gcumann Gaelacha le moladh, aithnítear go fóill go n-airíonn roinnt mac léinn ar imeall an phobail seo. Dar le rannpháirtí amháin go bhfuil sé de nós ag cumainn den chineál seo dul ar thóir mhic léinn a bhfuil Gaeilge acu san áit a mbíonn siad cinnte go bhfaighidh siad cainteoirí líofa, i.e i measc mhic léinn a bhfuil cúrsa Gaeilge ar bun acu, cé go n-aithnítear na míbhuntáistí leis sin:

Nuair atá tú ag quartú daoine le Gaeilge le aon rud a dhéanamh leis an gCumann Gaelach an chéad dream atá tú ag dul ag ná na daoine atá ag déanamh staidéar ar an nGaeilge, ach scaití fágann sé sin roinnt mhaith daoine taobh amuigh dhó muna dhéanann siadsan an iarracht dul chomh fada leo (Inst. Bc)

Tá an nós seo le sonrú i gcleachtais ghinearálta na n-ollscoileanna maidir le cur chun cinn úsáid na Gaeilge i measc mhic léinn sa mhéid is go ndírítear den chuid is mó orthu siúd a bhfuil ardleibhéal líofachta acu agus ní orthu siúd ar bheagán Gaeilge:

Sílim go fhreastalaíonn an Coláiste go maith ar dhaoine a bhfuil Gaeilge ... a bhfuil paisean acu don Ghaeilge ... ach ní fhreastalaíonn siad ar na daoine a bhfuil ar bheagán Gaeilge nó daoine a bhfuil suim acu ach bíonn drogall orthu dul chuig na rudaí seo toisc nach bhfuil aithne acu ar na daoine, nó bheadh eagla orthu bheith páirteach ann (Inst. Be)

Maidir leis na mic léinn sin nár roghnaigh cúrsa Gaeilge, dar leo go bhfuil tionchar aige sin ar an gceangal atá acu leis an bpobal Gaelach ar an ollscoil trí chéile agus freisin ar a gcleachtas teanga féin:

Toisc nach bhfuil mise ag déanamh cúrsa i nGaeilge níl mórán baint agam leis an nGaeilge in aon chor ... agus is trua sin toisc go bhfuil mo Ghaeilge anois ag éirí beagáinín meirgeach, fiú le mo shaol ar fad a chaitheamh trí Ghaeilge - ach anois mar gheall nach bhfuil an deis céanna agamsa bheith ag labhairt chuile lá tá sé deacair agus *you know* déanann tú dearmad ar teangacha éasca go leor (Inst. Bd)

Tá mé in ann é a fheiceáil ag dul amach ... nuair atá mé ar mo ghuthán le mo chairde ón meánscoil déanaim iarracht Gaeilge a labhairt ach mar gheall nach bhfuil mé ag labhairt é achan uile lá is a bhí mé ag déanamh anuraidh. Tá sé ag dul in olcas agus ní maith liom é sin (Inst. Cb)

I gcás roinnt ollscoileanna tugtar deis do mhic léinn tabhairt faoi mhodúl roghnach Gaeilge agus mic léinn idir dhá chomhairle maidir leis an bhfiúntas atá lena leithéid:

Mura rabhas tar éis an modúl a roghnú ní bheinn ... ní bheadh deis ar bith agam í a labhairt ... sa chéad seimeastar níor labhras Gaeilge ar chor ar bith ach anois is módúl iontach é mar is saghas ciorcal cainte [atá ann] deis dúinn í a labhairt ... saghas músclaíonn sé an grá ionainn agus is daoine a bhfuil ag roghnú an modúl a dhéanamh seachas *you know* 'caithfidh tú a bheith anseo', so bíonn comhrá agus mar sin againn ach seachas sin níor labhair mé an Gaeilge ar chor ar bith (Inst. Ca)

Ar ndóigh glactar leis go bhfuil níos mó deiseanna úsáide acu siúd atá i mbun na Gaeilge mar ábhar léinn, cé go mbraitheann sin freisin ar an ionchur agus ar chur chuige an mhic léinn féin i leith na foghlama:

Cé go bhfuil mé ag déanamh roinnt modúl Gaeilge tá mo Gaeilge fós tar éis dul in olcas mar bhíos ag labhairt é gach lá ar scoil. [Anois] tá mé ag éisteacht leis níos mó ná mar atá mé á labhairt. Tá b'fhéidir trí uair sa seachtain ag éisteacht leis an Gaeilge agus uair amháin de na trí uair sin ... ag labhairt ... tá an caighdeán tar éis ísliú ... Tá sé saghas brónach (Inst. Cb)

Is ceist í an meath seo a dtarraingíonn roinnt mhaith rannpháirtithe aird uirthi le linn an phlé, iad siúd atá i mbun cúrsaí Gaeilge san áireamh. Aithníonn na rannpháirtithe an titim ollmhór atá tagtha ar a leibhéal úsáide ó bhí siad ag freastal ar an iar-bhunscoil agus dar leo nach leor cúrsa Gaeilge nó i nGaeilge chun tacú leis an gcumas teanga ná leis an úsáid ach an oiread:

Tá aithne agamsa ar daoine ... atá ag déanamh staidéar ar an nGaeilge agus mothaíonn siadsan go bhfuil a gcuid Gaeilge ag éirí meirgeach agus nach bhfuil siadsan ag labhairt an iomarca Gaeilge agus chuir sin an-ionadh orm (Inst. Bb)

Ach an oiread leis an nós atá sna cumainn díriú orthu siúd a bhfuil Gaeilge acu cheana féin, dar le roinnt rannpháirtithe go bhfuil an nós céanna i bhfeidhm sna cúrsaí léinn féin agus iad siúd atá ar bheagán Gaeilge fágtha ar lár:

Más tháinig mé ó scoil Béarla agus más rud é go raibh an Gaeilge á dhéanamh agam don chéad uair ... bheadh sé an-deacair dom é a fhoghlaim ... ní mhúineann siad é. Caithfidh sé a bheith agat is dócha (Inst. Cc)

Mar atá luaite, aithníonn mic léinn go bhfuil freagracht phearsanta ar an duine na deiseanna úsáide seo a thapú agus go bhféadfadh go mbeadh cúraimí léinn ag teacht salach ar a rannpháirtíocht sna deiseanna sin:

Tá deiseanna ach níl am agam anois, *to scratch my own head at the moment!* (Inst. Ab)

braitheann sé má bhfuil an deis agaibh an Ghaeilge a labhairt agus ... má dhéanaimid ár ndícheall an Ghaeilge a labhairt, tiocfaidh an feabhas ar ár chuid Ghaeilge má dhéanaimid an iarracht sin (Inst. Cd)

Meabhraítear anseo don léitheoir teistiméireachtaí dhaltaí reatha na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge. Is mian leis na daltaí sin leanúint orthu ag úsáid na Gaeilge agus iad ag freastal ar an oideachas tríú leibhéal ach is mian leo sin a dhéanamh lasmuigh de chúrsaí léinn agus de sféar an oideachais i gcoitinne. Ní fheictear dóibh gur ann d'aon mhórchonstaic a thiocfadh sa bhealach ar na mianta sin. I bhfianaise thaithí na mac

léinn ar an tríú leibhéal, is beag deis atá acu an Ghaeilge a úsáid chomh rialta céanna agus a bhí ag an iar-bhunleibhéal, lasmuigh ná laistigh de thimpeallacht oideachais.

### An tOideachas lán-Ghaeilge: Buntáiste nó mí-bhuntáiste

Agus a dtréimhse iar-bhunscolaíochta curtha díobh ag na mic léinn fiosraíodh leo an dóigh leo gur buntáiste nó míbhuntáiste a bhí san oideachas lán-Ghaeilge anois agus iad i mbun an oideachais tríú leibhéal. Dar le formhór na rannpháirtithe (75%) gur buntáiste an taithí ar an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge dá dtaithí ar an tríú leibhéal agus 86% díobh sin den tuairim gur buntáiste suntasach nó an-suntasach a bhí i gceist. Astu sin braitheann 88% díobh go maireann tionchar an bhuntáiste sin go fóill.

As na rannpháirtithe sin a chreideann gur míbhuntáiste an taithí chéanna, dar le 66% gur míbhuntáiste measartha a bhí i gceist agus dar lena bhformhór nach míbhuntáiste fadtréimhseach a bhí i gceist: mhair an míbhuntáiste roinnt laethanta i gcás 47% agus roinnt seachtainí i gcás 29% díobh. Tuairiscíodh i Ní Thuairisg agus Ó Duibhir (2016) go raibh inní ar thuismitheoirí maidir leis an tionchar diúltach a bheadh ag an oideachas lán-Ghaeilge ar a bpáistí agus iad i mbun an oideachais tríú leibhéil. Bhí tionchar ag an inní seo i roinnt cásanna ar an gcinneadh leanúint nó gan leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal. Díol suime mar sin, i gcás an mhionlaigh a bhraith gur míbhuntáiste a bhí ina dtaithí ar an oideachas lán-Ghaeilge gur mhaolaigh na dúshlán bainteach leis le himeacht roinnt seachtainí.

Nuair a fhiosraítear an t-ábhar seo tuilleadh leis na rannpháirtithe is léir go bhfuil a bhformhór den tuairim gur buntáiste a bhí agus atá go fóill san oideachas lán-Ghaeilge dóibh, beag beann ar mheán an chúrsa léinn atá idir lámha acu faoi láthair:

Ceapaim, fiú nach bhfuil Gaeilge ró-iontach leis an [gcúrsa] atá á dhéanamh agam ceapaim go bhfuil sé an-úsáideach ó thaobh oideachas go ginearálta. Is rud iontach é bheith in ann teanga nua difriúil a labhairt, cabhraíonn sé leat teanga breise ansin a fhoghlaim arís - is ceapaim gur rud iontach é ó thaobh oideachas (Inst. Cb)

Braithim ... tagann na teangacha níos nádúrtha dhuit nuair atá tú déanamh sa an Fraincis nó Gearmáinis ... Nuair a bíonn tú ag piocadh suas an tríú teanga cosúil leis an Fraincis bíonn sé i bhfad níos éasca agus níos sciopthaí agus níos nádúrtha é a dhéanamh nuair [a fuair tú] oideachais trí mheán na Gaeilge (Inst. Cd)

Luann mac léinn eile freisin an buntáiste cognaíoch (Bialystok et al., 2006) dar léi atá lena taithí féin ar an oideachas lán-Ghaeilge:

Nílimse ábalta aon mhíbhuntáistí a aithint trí oideachas a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Is dóigh liomsa go gcoinníonn sé d'inchinn cineál *sharp* agus chabhraigh sé cinnte ag an am leis an ardteist agus gach rud agus ... ní raibh aon dúshlán leis an aistriú isteach sa choláiste agus ní ualach é a dhéanamh agus ní ualach a bhí ann ag an am ... is buntáiste Gaeilge [domsa] (Inst. Bb)

Tá mise in ann bheith ag an leibhéal céanna le lucht an Bhéarla sa choláiste, go háirid leis an dlí tá sé iomlán nua, tá an téarmaíocht iomlán nua ag chuile dhuine ach ansin tá an rud breise agam, tá teanga bhreise agam (Inst. Bd)

Ár ndóigh, ní hamhlaidh nach n-eascaíonn dúshlán ar bith ón oideachas lán-Ghaeilge ach dar le formhór rannpháirtithe an taighde seo gur dúshlán gearr-thréimhseacha iad den chuid is mó agus gur mó na buntáistí ná a mhalairt.

## Tátal agus Moltaí

Bhí mar aidhm ag an taighde seo léargas a thabhairt ar thaithí iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ag féachaint go háirithe ar thionchar na scolaíochta sin ar a dtaithí ar an oideachas tríú leibhéal. Rinneadh iniúchadh freisin ar ionchais scoláirí reatha iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar mhaithe le comparáid a dhéanamh idir an méid a bhí siadsan ag súil leis óna dtaithí ag an tríú leibhéal agus mar a thit cúrsaí amach dóibh siúd a bhfuil an t-aistriú sin déanta acu. Tugtar léargas anseo ar thátal an taighde agus cuirtear moltaí chun cinn ar mhaithe leis na dúshláin bainteach leis an aistriú ón iar-bhunscoil lán-Ghaeilge go dtí an t-oideachas tríú leibhéal, agus go deimhin an leanúnachas in earnáil an oideachais lán-Ghaeilge i gcoitinne, a mhaolú nó a sheachaint.

### Buntáistí an oideachais lán-Ghaeilge dar le hiar-scoláirí

Is mó buntáistí ná a mhalairt a bhaineann leis an oideachas lán-Ghaeilge dar le rannpháirtithe an taighde seo agus a bhformhór den tuairim go maireann an buntáiste sin go fóill. Maidir leo siúd den tuairim go bhfuil míbhuntáiste áirithe ag baint leis, dar lena bhformhór gur míbhuntáiste measartha agus gearrthréimhseach atá i gceist.

I measc na mbuntáistí a luann rannpháirtithe an taighde agus an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge faoi chaibidil tá: an tsuim a mhúsclaítear sa Ghaeilge agus sa dátheangachas; an bród a chothaítear sa chultúr Gaelach; pointí breise a bhronntar orthu siúd a thugann faoi scrúduithe na hArdteistiméireachta trí mheán na Gaeilge; buntáistí cognaíocha an dátheangachais; foghlaim teangacha breise; áisiúlacht an oideachais lán-Ghaeilge de bharr taithí ar an soláthar céanna ag an mbunleibhéal.

Ar cheann de na buntáistí is mó a bhaineann leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge dar le daltaí na hiar-bhunscoile Gaeltachta a ghlac páirt sa taighde seo, an nádúr a bhaineann leis an nGaeilge mar theanga chumarsáide toisc a dtaithí ar an teanga mar theanga baile agus pobail. Dar leis na daltaí sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht go dtugann an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge ugach don dalta dua a chaitheamh leis an léann nach gcaitear leis an oideachas i mBéarla.

Ní aistríonn ach thart ar 50% de dhaltaí ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge go hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Ceann de na cúiseanna leis seo an bhúairt a bhíonn ar thuismitheoirí go mbeidh a gcuid páistí faoi mhíbhuntáiste ag an tríú leibhéal toisc nach dtuigfidís téarmaíocht i mBéarla sna hábhair éagsúla (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016).

Is cinnte go dtugann rannpháirtithe an taighde aird ar an gceist seo agus iad den tuairim go bhfuil go deimhin dúshláin ag baint leis an téarmaíocht, ach ní áirítear easpa tuisceana ina measc. Pléitear seo sa mhír thíos. Moltar dul i mbun feachtais feasachta dírithe ar thuismitheoirí ar mhaithe leis an tionchar íseal atá ag an oideachas lán-Ghaeilge ar a ndul chun cinn acadúil agus iad ag freastal ar an oideachas tríú leibhéal. Bheimis ag súil de bharr feachtais feasachta den chineál seo go mbeadh ar chumas thuismitheoirí agus daltaí rogha níos feasaí a dhéanamh go háirithe faoin leanúnachas chuig an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge.

### Dúshláin bainteach leis an oideachas lán-Ghaeilge dar le hiar-scoláirí: áiseanna, téarmaíocht agus úsáid an Bhéarla sa seomra ranga

Maidir leis na dúshláin a bhaineann leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge, luaitear easpa áiseanna lán-Ghaeilge san oideachas, cumas íseal sa Ghaeilge i measc múinteoirí in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus deacrachtaí bainteach le scrúduithe stáit. Sonraítear éagsúlachtaí dár ndóigh agus an t-ábhar seo faoi chaibidil i measc daltaí reatha a n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus iad siúd ar iar-scoláirí iad.

I gcás dhaltaí atá sa bhliain dheireanach dá gcuid iar-bhunscolaíochta sonraítear éagsúlachtaí sna comhthéacsanna ina bhfuil na scoileanna suite. Dar le daltaí na hiar-bhunscoile Gaeltachta gur bac an friotal a bhíonn in úsáid in áiseanna don oideachas lán-Ghaeilge ar an tuiscint agus ar an bhfoghlaim dá réir. Is é a

dtuairim gur fusa tabhairt faoi ábhair áirithe i mBéarla seachas bheith ag iarraidh bheith ag plé le téarmaíocht Ghaeilge atá dar leo mí-nádúrtha agus níos casta ná mar ar chóir di a bheith. Dar leo freisin gur fusa agus ciallmhaire an cleachtas é sin, ó tharla go bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoi na scrúduithe stáit i mBéarla. Díol suntais ainneoin go gcreideann na daltaí gur buntáiste suntasach na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge pointí bónais na hardteistiméireachta, ní leor an buntáiste sin go dtabharfaidís faoi gach scrúdú i nGaeilge. Tá solas caite ag tionscadail eile taighde ar chleachtais den chineál chéanna in iar-bhunscoileanna Gaeltachta (Mac Donnacha et al., 2005; Ní Shéaghdha, 2012; Ní Thuairisg, 2019). Tá sé léirithe freisin ag na tionscadail chéanna luaite gur dúshlán suntasach san oideachas lán-Ghaeilge an easpa áiseanna san earnáil trí chéile. Tugtar faoi deara, áfach, fiú sa chás go bhfuil fáil ar áiseanna lán-Ghaeilge nach mór go mbeadh an friotal oiriúnach do chomhthéacs na scoileanna éagsúla. Ardaítear an cheist, i gcás na rannpháirtithe sin atá den tuairim nach bhfuil agus nach mbeidh na háiseanna lán-Ghaeilge oiriúnach, agus gur gá glacadh leis an mBéarla mar mheán ní hamháin sna scrúduithe stáit ach freisin mar mheán teagaisc agus foghlama ag an tríú leibhéal, an gá féachaint in athuair ar chleachtais teagaisc agus foghlama sa suíomh lán-Ghaeilge ar mhaithe le ról an Bhéarla a shainiú. Is léir, go háirithe i gcás iar-bhunscoileanna na Gaeltachta go bhfuil an Béarla in úsáid mar theanga teagaisc agus foghlama i gcás ábhair éagsúla. Tá an baol ann go rachadh cleachtas den chineál in aghaidh dea-chleachtais atá á gcur chun cinn sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016) agus freisin go gcuirtear le doiléire ceist an teagaisc lán-Ghaeilge sna scoileanna sin.

Moltar úsáid an Bhéarla in iar-bhunscoileanna Gaeltachta a iniúchadh trí thionscadal taighde a dhéanadh scagadh ar chleachtais reatha, réasúnaíocht na gcleachtas reatha agus tionchar na gcleachtas sin ar an bhfoghlaim agus go deimhin ar phobal na scoile. Aithnítear, mar atá luaite anseo agus in iliomad tionscadal eile taighde go bhfuil ról áirithe ag an mBéarla mar theanga teagaisc agus foghlama in iar-bhunscoileanna Gaeltachta. Rachadh taighde dá leithéid i dtreo an ról seo a shainiú agus idirghabháil a dhearadh, dá mba ghá, lena chinntiú nach dtagann úsáid an Bhéarla sa chomhthéacs seo salach ar shealbhú, ar chothú ná ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga na scoile agus teanga an phobail.

Agus ceist na téarmaíochta á plé i measc mhic léinn tríú leibhéal, tugtar suntas don téarmaíocht mar ábhar a bhfuil deacrachtaí ag baint leis. De bharr na tréimhse caite leis an oideachas lán-Ghaeilge, ag an mbun agus ag an iar-bhunleibhéal is minic go mbíonn téarmaíocht áirithe Ghaeilge daingnithe in aigne na scoláirí. Nuair a thosaítear ag tabhairt faoin bhfoghlaim (ar an ábhar / coincheap céanna) i mBéarla, dar le rannpháirtithe an taighde go dtógann sé am agus iarracht dul i dtáithí ar an téarmaíocht nua. Tá tuiscint chruinn ag na mic léinn ar an gcoincheap faoi chaibidil ach go bhfuil lipéad eile ina gceann acu air agus is ábhar frustrachais seo dóibh in amanntaí.

Moltar d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge féachaint in athuair ar cheist na téarmaíochta Gaeilge ag féachaint an bhfuil bealach ann go bhféadfaí cur chuige dátheangach a úsáid agus téarmaíocht á scagadh. Cé go dtuigtear nár mhór an cur chuige seo a phleanáil agus monatóireacht ghéar a dhéanamh air lena chinntiú nach gcuirtear cultúr teagaisc agus foghlama lán-Ghaeilge na scoile i mbaol, ardaítear an cheist an bhfuil buntáistí breise foghlama agus teanga lena leithéid de straitéis? Is straitéis í seo b'fhéidir a chúiteodh de bheagán pé bearna foclóra atá in aigne an dalta agus freisin a d'ullmhódh é /í don léann i mBéarla ag an tríú leibhéal.

## Úsáid an Bhéarla mar theanga teagaisc agus foghlama san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge

Glactar leis go mbaintear leas as an mBéarla i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht freisin ach an chuma ar an scéal gur ar mhaithe le dúshláin sheachtracha a shárú a dhéantar seo seachas é a bheith mar thoradh ar chinneadh pearsanta an dalta. Ní fheictear ach an oiread go mbaintear leas as an mBéarla mar theanga teagaisc agus foghlama ar mhaithe le dúshláin na téarmaíochta a shárú.

Aithnítear go bhfuil géarchéim earcaíochta san earnáil oideachais lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal agus é fíordheacair ag scoileanna múinteoirí a earcú a bhfuil cumas teanga ard a dhóthain acu sa Ghaeilge a



cheadóidh dóibh a n-ábhar a theagasc go héifeachtach in iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Tá ardú tagtha ar an líon cúrsaí san oideachas múinteoirí a rachadh i dtreo an bhearna seo a líonadh ach ní réitíonn sin an dúshlán a bhfuil solas caite anseo air, i.e. go bhfuil cumas íseal na múinteoirí ag cur le húsáid an Bhéarla in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.

Moltar go rachfaí i gcomhairle leis na heagraíochtaí sin a bhfuil forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí iar-bhunscoile mar chúram orthu ar mhaithe le cúrsa oiliúna mar aon le seirbhís tacaíochta a dhearadh a bheadh dírithe orthu siúd a bhfuil sé i gceist acu tréimhse ghairmiúil a chaitheamh in iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Moltar go mbeadh an fheasacht teanga mar aon le bunphrionsabail an oideachais ilteangaí mar chroílár na hoiliúna lena chinntiú go bhfuil tuiscint ag an múinteoir ar chomhthéacs na scoile, a ról féin sa chomhthéacs sin agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige nó aici ann.

## Cumas Béarla an iar-scoláire iar-bhunscoile lán-Ghaeilge

Dúshlán atá comónta i measc na ndaltaí uile dar leo, an easpa aitheantais a thugtar dóibh mar úsáideoirí agus foghlaimeoirí den Ghaeilge mar dhara teanga go háirithe de réir mar a bhaineann sé leis an ionchas atá ann gur mar an chéile a gcumas sa dá theanga Gaeilge agus Béarla. Cé go mbíonn stór focal níos iomláine ag dátheangach nuair a chuirtear an dá theanga le chéile, ní féidir talamh slán a dhéanamh de má bhíonn focal acu i dteanga amháin go mbeidh sé acu sa teanga eile (Bialystok et al., 2014). Dar leis na rannpháirtithe uile, daltaí iar-bhunscoile agus na mic léinn tríú leibhéal, go bhfuiltear ag súil go mbeidh cumas cothrom bainte amach acu sa dá theanga ach nach gá go mbeadh sin amhlaidh, go háirithe de réir mar a bhaineann sé le raon ard teanga sa Béarla acadúil. Aithníonn na rannpháirtithe gur beag taithí atá acu ar an raon sin teanga agus gur raon é atá riachtanach go háirithe agus ábhair idir lámha i mBéarla ag an tríú leibhéal. Dar leis na rannpháirtithe go bhfuil tacaíocht bhreise ar fáil sa réimse seo do mhic léinn ón iasacht ach nach n-aithnítear gur dúshlán é i measc iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Cé go nglacann na rannpháirtithe nach léiriú é seo ar mhoill acadúil ar bith, is bac é in amantaí don rannpháirtíocht san ábhar. Tá inní ar roinnt rannpháirtithe freisin go mb'fhéidir go mbeadh tionchar aige ar dhearcadh an tríú pháirtí ar chumas intleachtúil an duine. Ní léir an bhfuil bac ar mhic léinn Éireannacha tarraingt ar na hacmhainní seo atá á soláthar cheana féin in institiúidí tríú leibhéal na tíre.

Ceangailte go dlúth leis an ábhar seo an easpa eolais atáthar á bhailiú in institiúidí tríú leibhéal na tíre maidir le cúlra oideachais teanga na mac léinn. Cé go n-aithnítear go bhfuil cúlra scolaíochta ar eolas ag na hinstitiúidí ní léir an bhfuil eolas á bhailiú ag fiosrú cén cúlra ná cén cumas teanga atá ag mic léinn a tháinig aníos trí chóras scolaíochta na tíre. Is deacair mar sin don institiúid fios a bheith acu cé na seirbhísí tacaíochta teanga a bheadh de dhíth ar phobal na hinstitiúide.

Is léir mar atá luaite go bhfuil feasacht áirithe i measc na mac léinn maidir leis an tacaíocht bhreise atá de dhíth orthu ar mhaithe leis an easnamh sa Bhéarla acadúil a chúiteamh ach ní léir go bhfuil na hinstitiúidí chomh feasach céanna ar na riachtanais sin.

Moltar i dtús báire d'institiúidí tríú leibhéal córas foirmiúil a chur sa tsiúil ag féachaint cén cúlra teanga atá ag mic léinn agus measúnú a dhéanamh ar na seirbhísí tacaíochta a bheadh de dhíth bunaithe ar chomhdhéanamh na mac léinn. Moltar clár sainiúil tacaíochta a fhorbairt sa Bhéarla acadúil dóibh siúd a bhfuil caighdeán réasúnta ard acu sa Bhéarla, ach de bharr a gcuid taithí scolaíochta gur mó taithí atá acu ar an dara teanga, an Ghaeilge sa chás seo mar theanga acadúil.

Aithnítear nach ceist Ghaeilge amháin í seo toisc go bhfuil líon suntasach mac léinn in institiúidí na tíre a fuair a gcuid scolaíochta sa Bhéarla ach go bhfuil taithí acu ar theanga eile mar theanga baile agus mar theanga sóisialaithe. Rachadh seirbhís tacaíochta den chineál sin luaite go mór chun leasa na mac léinn sin.

## Pobal iar-scoláirí na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge

Meabhraítear don léitheoir go raibh dúshlán shuntasacha i gceist agus rannpháirtithe a shásódh critéir an tionscadail taighde seo a earcú, a bhuí sin don easpa eolais ar chonair aistrithe iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Tuigtear go bhfuil thart ar 16,000 dalta ag fáil a gcuid iar-bhunscolaíochta trí mheán na Gaeilge sa tír, ach ní léir cá bhfuil a dtríail siúd nuair a fhágann siad an scoil agus nuair a thugann sciar suntasach díobh aghaidh ar an tríú leibhéal. Léiríonn an taighde seo freisin gur beag teagmháil atá ag na rannpháirtithe le gréasáin Ghaeilge lasmuigh den sféar oideachais. Fiú i gcás na ngréasán sin, is dírithe orthu siúd atá i mbun staidéir ar an nGaeilge mar ábhar is mó atá siad agus comhdhéanamh na gcumann mar scáthán air sin.

Léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil bá agus ceangal láidir ag rannpháirtithe uile an taighde leis an nGaeilge, ní hamháin mar shiombail cultúrtha ach mar theanga chumarsáide agus shóisialaithe. Go deimhin dar leis na daltaí iar-bhunscoile gur mian leo an Ghaeilge a leathnú amach ó sféar an oideachais agus iad ag súil go mbeidh siad in ann 'í a choimeád suas' ina saol pearsanta amach anseo. Is léir ó thaithí na mac léinn tríú leibhéal nach mar sin a thiteann cúrsaí amach.

De dheasca taithí fhada de bheith ag brath go láidir ar struchtúir oideachais ar mhaithe le deiseanna úsáide agus sóisialaithe sa Ghaeilge a chur ar fáil, is cosúil nach bhfuil cleachtadh ag cainteoirí óga Gaeilge dul ar thóir na ndeiseanna seo iad féin ná ach an oiread gréasán dá gcuid féin a chothú. Tá sé amhlaidh go háirithe ina measc siúd atá i mbun staidéir ar ábhair eile léinn seachas Gaeilge. De bharr easpa deiseanna úsáide lasmuigh den sféar oideachais tá an ceangal sin leis agus an cumas sa Ghaeilge á chreimeadh de réir a chéile.

Moltar d'eagraíochtaí Gaeilge na tíre féachaint in athuair ar an straitéis atá i bhfeidhm maidir le cothú gréasáin de dhaoine óga ar cainteoirí Gaeilge iad. Moltar straitéis a dhearadh a bheadh mar sprioc aici úsáid na Gaeilge lasmuigh de sféar an oideachais agus a chuimseodh cainteoirí Gaeilge as scoileanna lán-Ghaeilge **agus** lán-Bhéarla, a chothú.

Moltar d'eagraíochtaí a bhfuil cúraimí orthu san earnáil oideachais lán-Ghaeilge i gcomhair le hionadaithe mac léinn, feachtas a dhearadh a dhíreodh ar mhic léinn tríú leibhéal, go háirithe na mic léinn sin atá i mbun staidéir ar ábhair lasmuigh den Ghaeilge mar ábhar. Bheadh mar aidhm ag an bhfeachtas seo mic léinn ar iar-scoláirí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge a mhealladh i dtreo gníomhaíochtaí acadúla agus sóisialta a mbeadh an Ghaeilge ina lár.

Ag cur srianta maidir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí san áireamh, moltar d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta cumann *alumni* a bhunú ina mbeadh bunachar sonraí de dhíndíuirí teagmhála iar-scoláirí na scoileanna sin mar ghné lárnach. Ba mhór an chabhair a leithéid de bhunachar don scoil agus iad ag cothú an phobail lán-Ghaeilge sa cheantar. Ba mhór an buntáiste pleanála teanga a bheadh lena leithéid de bhunachar freisin agus gréasáin á gcothú ina mbeadh úsáid na Gaeilge mar theanga shóisialta, teaghlaigh agus léinn á gcur chun cinn.

## Scrúduithe Stáit i dTuaisceart Éireann agus Ceist an Aistriúcháin

Tarraingítear aird ar leith ar dhúshlán atá le tabhairt go sonrath ag daltaí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge Thuaisceart Éireann, is é sin gur gá scrúduithe stáit a dhéantar i nGaeilge a aistriú go Béarla ionas go bhféadfaí iad a cheartú. Dar leis na daltaí go bhfuil siad go mór faoi chomaoin ag cumas agus tuiscint an aistritheora agus fághtar go mbíonn amhras orthu maidir le hiontaofacht an aistriúcháin agus an mharc a bhronntar dá réir.

Moltar d'eagraíochtaí Gaeilge agus d'eagraíochtaí a bhfuil cúraimí orthu san earnáil oideachais lán-Ghaeilge dul i mbun stocaireachta ar mhaithe le cur chuige a chur sa tsiúil a bheadh mar sprioc aige forbairt inniúlachta i measc scrúdaitheoirí a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu a chur chun cinn. Bheifí ag súil, agus an fhorbairt inniúlachta seo bainte amach, nach mbeadh gá scrúdu stáit a aistriú go dtí an dara teanga agus daltaí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge Thuaisceart Éireann muiníneach gur ar a saothar féin a bhí marc measúnuithe á bhronnadh.

- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2016). *Polasaí don oideachas Gaeltachta 2017-2022*. An Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Bak, T. H., Nissan, J. J., Allerhand, M. M., & Deary, I. J. (2014). Does bilingualism influence cognitive aging? *Annals of Neurology*, 75(6), 959-963. <https://doi.org/10.1002/ana.24158>
- Baker, C., & Wright, W. E. (2017). *Foundations of bilingual education and bilingualism* (6th ed.). Multilingual Matters
- Barton, B., Chan, R., King, C., Neville-Barton, P., & Sneddon, J. (2005). EAL undergraduates learning mathematics. *International Journal of Mathematical Education in Science and Technology*, 36(7), 721-729. <https://doi.org/10.1080/00207390500270950>
- Beaver, R. (2017). *The bilingual educational experience: The views of graduates of Irish-medium post-primary education*. Maynooth University. <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Tr%C3%A1chtas-R%C3%B3is%C3%ADn-N%C3%AD-Mh%C3%B3r%C3%A1in.pdf>
- Bialystok, E. (2009). Bilingualism: The good, the bad, and the indifferent. *Bilingualism: Language and Cognition*, 12(1), 3-11.
- Bialystok, E., Craik, F. I., & Ryan, J. (2006). Executive control in a modified antisaccade task: Effects of aging and bilingualism. *Journal of experimental psychology: Learning, Memory, and Cognition*, 32(6), 1341. <https://doi.org/10.1037/0278-7393.32.6.1341>
- Bialystok, E., Peets, K. F., & Moreno, S. (2014). Producing bilinguals through immersion education: Development of metalinguistic awareness. *Applied Psycholinguistics*, 35(01), 177-191. <https://doi.org/doi:10.1017/S0142716412000288>
- Byrne, D., & McCoy, S. (2017). Effectively maintained inequality in educational transitions in the Republic of Ireland. *American Behavioral Scientist*, 61(1), 49-73. <https://doi.org/10.1177/0002764216682991>
- Carlson, S. M., & Meltzoff, A. N. (2008). Bilingual experience and executive functioning in young children. *Developmental Science*, 11(2), 282-298. <https://doi.org/10.1111/j.1467-7687.2008.00675.x>
- Darmody, M., & Daly, T. (2015). *Attitudes towards the Irish Language on the island of Ireland*. Economic and Social Research Institute. [http://www.esri.ie/UserFiles/publications/BKMNEXT294/BKMNEXT294\\_Vol%201.pdf](http://www.esri.ie/UserFiles/publications/BKMNEXT294/BKMNEXT294_Vol%201.pdf)
- Faden, V. B., Day, N. L., Windle, M., Windle, R., Grube, J. W., Molina, B. S. G., Pelham, W. E., Jr., Gnagy, E. M., Wilson, T. K., Jackson, K. M., & Sher, K. J. (2004). Collecting longitudinal data through childhood, adolescence, and young adulthood: methodological challenges. *Alcoholism, clinical and experimental research*, 28(2), 330-340. <https://doi.org/10.1097/01.alc.0000113411.33088.fe>
- Gathercole, V. C. M., & Thomas, E. M. (2009). Bilingual first-language development: Dominant language takeover, threatened minority language take-up. *Bilingualism: Language and Cognition*, 12(2), 213-237.
- Genesee, F. (2004). What we know about bilingual education for majority-language students. In T. K. Bhatia & W. C. Ritchie (Eds.), *The handbook of bilingualism* (pp. 547-576). Blackwell.
- Groff, C., Pilote, A., & Vieux-Fort, K. (2016). "I am not a Francophone": Identity choices and discourses of youth associating with a powerful minority. *Journal of Language, Identity & Education*, 15(2), 83-99. <https://doi.org/10.1080/15348458.2015.1137476>
- Hodges, R., & Prys, C. (2019). The community as a language planning crossroads: macro and micro language planning in communities in Wales. *Current Issues in Language Planning*, 20(3), 207-225. <https://doi.org/10.1080/14664208.2018.1495370>
- Jones, S. L. (2019). Perspectives and attitudes towards Welsh-medium study at post-compulsory level among 15-16-year-old students in the South Wales Valleys. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 1-11. <https://doi.org/10.1080/13670050.2019.1668349>

- Kennedy, I. A. (2012). *Irish medium education: Cognitive skills, linguistic skills, and attitudes towards Irish* [PhD, Bangor University].
- King, D. B., O'Rourke, N., & DeLongis, A. (2014). Social media recruitment and online data collection: A beginner's guide and best practices for accessing low-prevalence and hard-to-reach populations. *Canadian Psychology/Psychologie canadienne*, 55(4), 240–249. <https://doi.org/10.1037/a0038087>
- Kroll, J. F., & Bialystok, E. (2013, 2013/08/01). Understanding the consequences of bilingualism for language processing and cognition. *Journal of Cognitive Psychology*, 25(5), 497-514. <https://doi.org/10.1080/20445911.2013.799170>
- Landry, R., Allard, R., & Deveau, K. (2010). *Schooling and cultural autonomy: A Canada-wide study in Francophone minority schools*. Canadian Heritage and Canadian Institute for Research on Linguistic Minorities.
- Lazaruk, W. (2007). Linguistic, academic, and cognitive benefits of French immersion. *The Canadian Modern Language Review*, 63(5), 605-628.
- Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A., & Ní Mhainín, T. (2005). *Staid reatha na scoileanna Gaeltachta: A study of Gaeltacht schools 2004*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Mas-Moury Mack, V. (2013). *Language attitudes of parents in Irish-medium primary schools in County Dublin*. Université Michel de Montaigne-Bordeaux III. <https://tel.archives-ouvertes.fr/tel-01124117/document>
- Masgoret, A.-M., & Gardner, R. C. (2003). Attitudes, motivation, and second language learning: A meta-analysis of studies conducted by Gardner and associates. *Language Learning*, 53(1), 123-163.
- McCoy, S., & Byrne, D. (2011, 2011/06/01). 'The sooner the better I could get out of there': Barriers to higher education access in Ireland. *Irish Educational Studies*, 30(2), 141-157. <https://doi.org/10.1080/03323315.2011.569135>
- McKinney, C. (2017). *Language and power in post-colonial schooling: ideologies in practice*. Routledge.
- Muintearas Teoranta. (2017). *Straitéis óige don Ghaeltacht*. Muintearas Teoranta.
- Murray, D. (2010). Irish-medium language immersion programs' effects on mathematics education. *Journal of Mathematics Education at Teachers College*, 1(2), 28-32. <https://doi.org/10.7916/jmetc.v1i2.688>
- Murtagh, L. (2007). Out-of-school use of Irish: Motivation and proficiency in immersion and subject only post-primary programmes. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10(4), 428-453.
- Murtagh, L. (2009). The role of motivation in learning and using Irish among primary and second-level students: A review of the evidence. In S. Drudy (Ed.), *Education in Ireland: Challenge and change* (pp. 136-150). Gill & Macmillan.
- Ní Dhonnabháin, Á. (2014). *An dátheangachas agus an t-aitheantas: Déagóirí Éireannacha sa 21ú haois* [PhD, Coláiste na hOllscoile Corcaigh].
- Ní Riordáin, M. (2014). Bilingual 3rd level mathematics education: Rich insights from an Irish context. *International Journal of Humanities and Social Science*, 4(10), 51-61.
- Ní Riordáin, M., & O'Donoghue, J. (2011, March 01). Tackling the transition—the English mathematics register and students learning through the medium of Irish. *Mathematics Education Research Journal*, 23(1), 43-65. <https://doi.org/10.1007/s13394-011-0003-6>
- Ní Thuairisg, L., & Ó Duibhir, P. (2016). *An leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann*. Gaelscoileanna. [http://www.gaelscoileanna.ie/files/An-Lean--nachas-on-mbunscoil-go-dt---an-iar-bhunscoil-l--n-Ghaeilge-\\_MF-2016.pdf](http://www.gaelscoileanna.ie/files/An-Lean--nachas-on-mbunscoil-go-dt---an-iar-bhunscoil-l--n-Ghaeilge-_MF-2016.pdf)
- Nicolay, A.-C., & Poncelet, M. (2013). Cognitive advantage in children enrolled in a second-language immersion elementary school program for three years. *Bilingualism: Language and Cognition*, 16(03), 597-607. <https://doi.org/doi:10.1017/S1366728912000375>

- Nicolay, A.-C., & Poncelet, M. (2015). Cognitive benefits in children enrolled in an early bilingual immersion school: A follow up study. *Bilingualism: Language and Cognition*, 18(4), 789-795. <https://doi.org/10.1017/S1366728914000868>
- O'Hanlon, F., Paterson, L., & McLeod, W. (2013). The attainment of pupils in Gaelic-medium primary education in Scotland. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 16(6), 707-729. <https://doi.org/10.1080/13670050.2012.711807>
- O'Rourke, B. (2011a). *Galician and Irish in the European context: attitudes towards weak and strong minority languages*. Palgrave Macmillan.
- O'Rourke, B. (2011b). Whose language is it? Struggles for language ownership in an Irish language classroom. *Journal of Language, Identity & Education*, 10(5), 327-345. <https://doi.org/10.1080/15348458.2011.614545>
- O'Rourke, B., & Walsh, J. (2015). New speakers of Irish: Shifting boundaries across time and space. *International Journal of the Sociology of Language*, 231, 63-83. <https://doi.org/10.1515/ijsl-2014-0032>
- Ó Duibhir, P. (2018). *Immersion education: Lessons from a minority language context*. Multilingual Matters.
- Ó Duibhir, P., & Ní Thuairisg, L. (2019). An tumoideachas agus soláthar cainteoirí nua. In T. Ó hIfeárnáin (Ed.), *An tsochtheangeolaíocht: Taighde agus gníomh* (pp. 265-284). Cois Life Teo. <http://capitadiscovery.co.uk/dcu/items/608726>
- Ó Duibhir, P., Ó Cathalláin, S., NigUidhir, G., Ní Thuairisg, L., & Cosgrove, J. (2017). *Anailís ar mhúnlaí soláthair Gaelscolaíochta*. An Coiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeloideachas. <https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2018/06/75fc49640fec2d79004076adc9cce098-1.pdf>
- Ó Giollagáin, C., & Charlton, M. (2015). *Nuashonrú ar an staidéar cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Údarás na Gaeltachta.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A., & O'Brien, M. (2007). *Staidéar cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátaí agus moltaí*. Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs.
- Ó Muirheartaigh, J., & Hickey, T. (2008). Academic outcome, anxiety and attitudes in early and late immersion in Ireland. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 11(5), 558 - 576. <http://www.informaworld.com/10.1080/13670050802149184>
- Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C., & Sheahan, J. (2014). *Iníúchadh ar an gcumas dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta [An investigation of bilingual competence: Language acquisition by the young Gaeltacht generation]*. COGG.
- Price, A. R., & Tamburelli, M. (2016). Minority language abandonment in Welsh-medium educated L2 male adolescents: classroom, not chatroom. *Language, Culture and Curriculum*, 29(2), 189-206. <https://doi.org/10.1080/07908318.2015.1136323>
- Shiel, G., Gilleece, L., Clerkin, A., & Millar, D. (2011). *Measúnachtaí náisiúnta 2010 ar léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge*. An Foras Taighde ar Oideachas.
- Smyth, E., Banks, J., & Calvert, E. (2011). *From Leaving Certificate to leaving school: A longitudinal study of sixth year students*. The Liffey Press in association with The Economic and Social Research Institute.
- Stern, A. J. (2017, 2017/10/21). How Facebook can revitalise local languages: Lessons from Bali. *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 38(9), 788-796. <https://doi.org/10.1080/01434632.2016.1267737>
- Walsh, C. (2007). *Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Woumans, E., Surmont, J., Struys, E., & Duyck, W. (2016). The longitudinal effect of bilingual immersion schooling on cognitive control and intelligence. *Language Learning*, 66(S2), 76-91. <https://doi.org/doi:10.1111/lang.12171>



**Buntáistí agus dúshláin teanga atá ag  
iar-scoláirí na n-iar-bhunscoileanna  
Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar aistriú  
go hinstitiúid 3ú leibhéal  
a fheidhmíonn trí Bhéarla**



**An Dochtúir Laoise Ní Thuairisg  
agus  
An tOllamh Pádraig Ó Duibhir**